



An Bhruiséil, 29 Samhain 2022
(OR. en)

15432/22

AVIATION 301

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Samhain 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 652 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN 'Straitéis maidir le Dróin 2.0 le haghaidh Éiceachóras Aerárthaí Cliste agus Inbhuanaithe gan Foireann san Eoraip'

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 652 final.

Faoi iamh: COM(2022) 652 final



An Bhruiséal, 29.11.2022
COM(2022) 652 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**‘Straitéis maidir le Dróin 2.0 le haghaidh Éiceachóras Aerárthaí Cliste agus
Inbhuanaithe gan Foireann san Eoraip’**

{SWD(2022) 366 final}

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**‘Straitéis maidir le Dróin 2.0 le haghaidh Éiceachóras Aerárthaí Cliste agus
Inbhuanaithe gan Foireann san Eoraip’**

Comhthéacs

1. Tá sé d’uaimhian ag an Aontas Eorpach an t-aistriú a threorú chuig pláinéad sláintiúil agus domhan nua digiteach. Go deimhin, is é cuspóir an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip¹ é aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050². Le digitíú an gheilleagair, ba cheart go neartófaí iomaíochas an Aontais agus go ndéanfaí daoine a bhfuil glúin nua teicneolaíochtaí acu a chumhachtú, agus gan aon duine a fhágáil ar leataobh, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Bunaithe ar dhá chumarsáid straitéiseacha, eadhon todhchaí dhigiteach na hEorpa³ agus deacáid dhigiteach⁴ na hEorpa a mhúnlú, leag an Coimisiún amach na gníomhaíochtaí sonracha a dhéanfaidh sé chun cabhrú le seirbhísí agus margaidh digiteacha sábháilte agus slána a chruthú.
2. Ba cheart go gcabhródh earnáil an iompair, lena n-áirítear earnáil na ndrón⁵ agus eVTOLanna foireannaithe⁶, atá ag teacht chun cinn, leis an aistriú glas agus digiteach sin a bhaint amach. Sa Straitéis um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe Chliste ón gCoimisiún⁷ (SSMS) a glacadh i mí na Nollag 2020 cuirtear treochlár uaimhianach ar fáil atá dírithe ar iompar na hEorpa a chur ar an mbóthar ceart le haghaidh todhchaí inbhuanaithe, cliste agus athléimneach. Tá an Plean Gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú⁸ nasctha laistigh de SSMS le spriocanna agus gníomhaíochtaí maidir le cé chomh glan agus ba chóir do bheartais iompair nua an Aontais Eorpaigh a bheith, mar shampla i leith truailléain torainn agus aeir.
3. I measc na ngníomhaíochtaí a leagtar amach in SSMS, d’fhógair an Coimisiún go n-ullmhófaí ‘Straitéis Drón 2.0 le haghaidh éiceachóras aerárthaí cliste agus inbhuanaithe gan foireann san Eoraip’ a bheidh le glacadh faoi dheireadh 2022, ina leagfar amach bealaí féideartha chun tuilleadh forbartha ar an teicneolaíocht seo agus ar a timpeallacht rialála agus tráchtála a threorú. Is léiriú í an Teachtaireacht seo ar an bhfógra sin.

¹ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_ga

² COM (2019) 640 final

³ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/shaping-europe-digital-future_en

⁴ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/europes-digital-decade-digital-targets-2030_ga

⁵ Is é “drón” téarma an tsaoránaigh le haghaidh “Córais Aerárthaí gan Foireann”, a chiallaíonn aerárthach gan foireann agus an trealamh chun é a rialú go cianda.

⁶ Úsáidtear aerárthaí ‘Éirí agus Tuirlingt Cheartingearach leictreach (eVTOL) le haghaidh iompar daoine agus lasta den chéad uair le píolóta ar bord ag rialú na heitilte, sa todhchaí, beidh an cumas acu eitilt go huathrialaitheach ag baint úsáid as na teicneolaíochtaí is déanaí nuair a cheadófar amhlaidh de réir na rialachán.

⁷ COM(2020) 789 final.

⁸ Teachtaireacht maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh: ‘I dtreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú’.

4. Ó 2014 i leith, tá an Coimisiún ag obair go dian chun an bhunsraith a thógáil do bheartas cuimsitheach an Aontais i réimse na ndrón. Glacadh an chéad Teachtaireacht ina leagtar amach bunús an bheartais seo in 2014⁹, agus ina dhiaidh sin roinnt céimeanna móra, amhail ‘Straitéis Eitlíochta don Eoraip’ in 2015¹⁰ agus roinnt Dearbhuithe suntasacha a formhuiníodh ag comhdhálacha drón Ardleibhéil a tionóladh i Ríge, Vársá, Heilsincí, agus Amstardam¹¹.
5. Bhí príomhról ag an Aontas i gcreat cuimsitheach rialála drón a fhorbairt dá 27 mBallstát, a rannchuidíonn go rathúil le forbairt na hearnála sin a bhfuil gealladh fúithi. Faoin mBunrialachán nua¹² a glacadh in 2018, tá gach drón, beag beann ar a meáchan, faoi réir rialacha sábháilteachta comhchuibhithe an Aontais. Bunaithe ar na ceanglais riachtanacha sábháilteachta sin agus i ndiaidh an chur chuige rioscabhunaithe atá dírithe ar oibriú agus atá leabaithe sa Bhunrialachán, ghlac an Coimisiún in 2019 sraith rialacha lena rialáiltear oibríochtaí le dróin (i.e. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta i ndáil le hoibriú aerárthaí gan foireann¹³ agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún maidir le hoibreoírí córas aerárthaí gan foireann¹⁴). Ina theannta sin, chun sábháilteacht na n-oibríochtaí drón in aerspás a áirithiú, ghlac an Coimisiún trí Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le U-spás in 2020¹⁵, a sholáthraíonn an córas bainistithe aerthráchta do dhróin. Is ar na rialacha sin atá creat rialála drón nua an Aontais bunaithe, rud a éascaíonn forbairt thionscal na ndrón agus mhargadh na seirbhísí drón.
6. Bhí sé níos tábhachtaí fós rialacha an Aontais maidir le dróin a fhorbairt toisc nach raibh ach fíorbheagán creataí rialála náisiúnta i bhfeidhm i mBallstáit an Aontais, nó ar an leibhéal domhanda. Murab ionann agus in earnálacha eile, i gcás inar cuireadh tús le próiseas an Aontais um chomhchuibhiú rialála tar éis rialachán éagsúil a ghlacadh ar an

⁹ COM(2014) 207 final, “Ré nua don eitlíocht - An margadh eitlíochta a oscailt d’úsáid sibhialta córas aerárthaí cianrialaithe ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe”

¹⁰ COM(2015) 598 final, “Straitéis Eitlíochta don Eoraip”

¹¹ Comhdhálacha Ardleibhéil Drón i Ríge (2015), Vársá (2016), Heilsincí (2017), Amstardam (2018, 2019)

¹² Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle, IO L 212, an 22.8.2018, lch. 1.

¹³ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú aerárthaí gan foireann, IO L 152, 11.6.2019, lch. 1.

¹⁴ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoírí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann, IO L 152, 11.6.2019, lch. 1.

¹⁵ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/664 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 maidir le creat rialála don U-spás, IO L 139, 23.4.2021, lch. 161; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/665 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra bainistithe aerthráchta eile san aerspás U-spáis arna ainmniú san aerspás rialaithe, IO L 139, 23.4.2021, lch. 184; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/666 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 923/2012 a mhéid a bhaineann le ceanglais d’eitlíocht foireannaithe a oibríonn san aerspás U-spáis, IO L 139, 23.4.2021, lch. 187.

leibhéal náisiúnta, anseo, bhíothas in ann tús a chur ón tús le fíorshraith choiteann rialacha. Cuireann sé sin deis ar leith ar fáil, deis atá le tapú.

7. Sa lá atá inniu ann, tá na gníomhaíochtaí a fógraíodh i Straitéis Eitlíochta 2015 curtha i gcrích den chuid is mó agus tá sé in am anois beartas nuashonraithe de chuid an Aontais maidir le dróin a fhorbairt, ag tógáil ar an méid atá bainte amach go dtí seo agus ag cur san áireamh na tosaíochtaí nua beartais agus na dúshláin nua, chomh maith leis na forbairtí teicneolaíochta, rialála agus tráchtála a rinneadh le déanaí.
8. Ar an taobh míleata, tá dróin in úsáid in earnáil na cosanta le 30 bliain anuas, ach níl cumais drón míleata na hEorpa chomh forbartha agus atá i réigiúin eile an domhain, agus aithnítear go forleathan an méid a d'fhéadfadh dróin mhíleata a dhéanamh chun rannchuidiú le huathriail Straitéiseach an Aontais amach anseo. Tá sé léirithe ag an gCoimisiún Eorpach¹⁶ go bhfuil sé toilteanach, in éineacht leis an Ardionadaí¹⁷ ról an Aontais mar ghníomhaí geopholaitiúil a threisiú, seasamh a d'aithin an Chomhairle Eorpach¹⁸ nuair a rinne sí an Compás Straitéiseach a fhorghníú¹⁹ arna fhorghníú ag an gComhairle an 21 Márta 2022, agus é mar chuspóir soiléir aige Aontas níos láidre agus níos cumasaí a thógáil sa tslándáil agus sa chosaint.
9. Dá bhrí sin, ba cheart go rannchuideodh an Straitéis seo maidir le Dróin²⁰ ní hamháin leis na cuspóirí a leagtar amach in SSMS, ach le cuspóirí an 'Phlean Gníomhaíochta maidir le sineirgí idir tionscail shibhialta, chosanta agus spáis'²¹ a glacadh i mí Feabhra 2020, agus lena n-áirítear tionscadal suaitheanta an Aontais maidir le Teicneolaíochtaí Dhróin an Aontais. Sainaithníodh sa phlean gníomhaíochta sin roinnt réimsí crostoirchithe a d'fhéadfadh a bheith ann trína bhféadfadh tionscadail chosanta tairbhiú d'fhorbairtí nuálacha FBManna le haghaidh drón sibhialtach agus trína bhféadfadh aerloingseoireacht shibhialta tairbhe a bhaint as forbairtí i réimse na cosanta.
10. In 2020, ghlac an Coimisiún dhá Theachtaireacht, a thug isteach gníomhaíochtaí nua beartais chun cur i gcoinne bagairtí féideartha a d'fhéadfadh a bheith i gceist le dróin. I Straitéis Slándála an Aontais²² agus sa Chlár Oibre Frithsceimhlitheoireachta²³ de chuid an Aontais, luadh gur ábhar mór inní é bagairt na ndrón neamh-chomhoibríoch san Eoraip nach mór aghaidh a thabhairt air. Ina theannta sin, tabharfar isteach leis an Treoir

¹⁶ COM(2022) 60, Teachtaireacht maidir le rannchuidiú an Choimisiúin le cosaint na hEorpa, 15.2.2022.

¹⁷ JOIN(2022) 24, Teachtaireacht ar an Anailís ar Bhearnaí Infheistíochta i Réimse na Cosanta agus an Bealach Chun Tosaigh, 18.5.2022

¹⁸ EUCO 1/22, Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24-25 Márta 2022, 29.3.2022 - EUCO 21/22 Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 30-31 Bealtaine 2022, 31.5.2022

¹⁹ Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint "le haghaidh Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta", 21.03.2022.

²⁰ Cé go n-aithnítear na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir na cásanna úsáide éagsúla agus an gá atá ann gan cur chuige aon mhéide a ghlacadh a oireann do gach saincheist, le haghaidh tuilleadh tagartha sa téacs seo a leanas, úsáidfear an téarma 'dróin' chun na feithiclí go léir a bhfuil baint acu le hAersheirbhísí Nuálacha a chumhdach, lena n-áirítear eVTOL foireannaithe (feithiclí faoi thiomáint leictreach a bhfuil an cumas acu éirí agus tuirlingt cheartingearach leictreach a dhéanamh), chomh maith le hAersheirbhísí Nuálacha gan Foireann a úsáidtear in earnáil na cosanta.

²¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún "Plean Gníomhaíochta maidir le sineirgí idir tionscail shibhialta, chosanta agus spáis", COM(2021) 70 final, 22.02.2021.

²² COM(2020) 605 final an 24 Iúil 2020

²³ COM (2020) 795 final an 9 Nollaig 2020

(UAM) agus ar an tríú dul síos, “U-spás”. Cé go bhfuiltear ag súil go ndéanfar na chéad oibríochtaí IAM a bheidh le déanamh le haerárthaí eVTOL foireannaithe, is dócha go ndéanfar oibríochtaí den sórt sin sa todhchaí ar ardáin den chineál céanna ach iad cianrialaithe agus ansin go hiomlán uathrialach.

16. Leis an gcreat ceart i bhfeidhm, d’fhéadfadh margadh na seirbhísí drón san Eoraip luach €14.5 billiún a bhaint amach faoi 2030, agus ráta fáis bliantúil cumaisc de 12.3 %, agus 145 000 post a chruthú san Aontas²⁸. Tá na codanna éagsúla den mhargadh seo ag fás i gcónaí i dtéarmaí cuideachtaí agus líon na n-oibríochtaí.
17. Ina fhianaise sin, tá na forbairtí nua seo tar éis an straitéis atá ann ó 2015 a shárú agus tá gá le straitéis nua ar leibhéal an Aontais chun fis réamhbhreathnaitheach a chur ar fáil d’fhorbairt iomlánaíoch na hearnála amach anseo.

Fís an Choimisiúin

18. Trí fhís shoiléir a leagan amach maidir le hearnáil na ndrón a fhorbairt, cuirfear bonn ar fáil do na chéad chéimeanna eile ar leibhéal an Aontais chun éiceachóras drón inmharthana a fhorbairt san Aontas. Is féidir an fhís seo do 2030, a forbraíodh le tacaíocht ó Ghrúpa Cheannairí na nDrón²⁹, a shloinneadh mar seo a leanas:
 - Faoin mbliain 2030, beidh dróin agus an t-éiceachóras is gá tagtha chun bheith ina gcuid inghlactha de shaol shaoránaigh an Aontais.
 - Úsáidfear dróin chun go leor seirbhísí a sholáthar ar mhaithe le húsáideoirí deiridh éagsúlaithe sibhialta agus cosanta, lena n-áirítear saoránaigh, eagraíochtaí, Ballstáit agus tionscal an Aontais. Áireofar le haeroibríochtaí drón seirbhísí éigeandála, cigireachtaí agus faireachas ina n-úsáidtear dróin chun sonraí a bhailiú, agus chun earraí a sheachadadh.
 - Tosóidh seirbhísí IAM ag soláthar seirbhísí rialta iompair paisinéirí, ag baint úsáide as aerárthaí ar dtús le píolóta ar bord ach leis an aidhm deiridh a gcuid oibríochtaí a uathoibriú go hiomlán. Déanfaidh seirbhísí na ndrón na córais iompair atá ann cheana a chomhtháthú nó a chomhlánú go héifeachtach agus cuirfidh siad le dícharbónú an chórais iompair trí mhalairt ar mhodhanna iompair atá dian ó thaobh carbóin de a chur ar fáil, agus a dtionchar ar an gcomhshaol ar feadh a saolré a íoslaghdú ag an am céanna. Beidh UAM ina chuid den éiceachóras soghluaisteachta ilmhódúla uirbí cliste a bheidh ann amach anseo agus úsáidfear agus déanfar comhtháthú forleathan ar bhonneagair na talún agus an aeir a chumasaíonn na seirbhísí iompair sin.
 - Beidh speictream méadaithe de chineálacha ar leith drón agus cásanna úsáide ann i gcomhthráth. Tá freagracht institiúideach ar reachtóir an Aontais, ar an

IAM cur síos ar raon éagsúil de chineálacha aerárthaí (cinn le foireann agus cinn gan foireann), a bhfuil a ndearaí cumasaithe ag nuálaíochtaí leanúnacha go háirithe i réimsí hibrideacha agus leictriú na gcóras tiomána, stóráil fuinnimh, ábhair éadroma, digitiú agus uathoibriú. Leis na nuálaíochtaí seo féadtar sraith de dhearaí núíosacha ina gcuimsítear ilrothlóir, sciathán claonta, claonrótar, sciathán faoi chumhacht, lena ndéantar gearrírí de thalamh agus tuirlingthe (STOL) chomh maith le cumais VTOL.

²⁸ Staidéar aimsithe fíoras lena n-ullmhaítear “Straitéis maidir le Dróin 2.0”, Tuarascáil dheiridh, Ecorys, 2022.

²⁹ Tuarascáil ó Ghrúpa Cheannairí na nDrón: https://transport.ec.europa.eu/news/drone-leaders-group-supports-preparation-drone-strategy-20-2022-05-02_en

gCoimisiún, ar Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) agus ar na Ballstáit sábháilteacht, slándáil agus éifeachtúlacht a gcuid oibríochtaí a chosaint. Áirithíonn siad go gcuirtear gach seirbhís drón ar fáil ar bhealach ina n-áirithítear sábháilteacht, slándáil, inbhuanaitheacht, príobháideacht agus inacmhainneacht, i gcomhréir le hionchais na saoránach agus ar bhealach a thugann aghaidh ar na hábhair inní a bhíonn acu. Beidh na dróin a úsáidtear chun daoine agus earraí a iompar dírithe go háirithe ar sheirbhísí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu a bhaint amach, rud a chruthóidh tairbhí do shaoránaigh agus do phobail áitiúla.

- Beidh an creat rialála reatha U-spáis curtha i bhfeidhm go hiomlán san Aontas. Tacóidh ardseirbhísí breise U-spáis le hoibríochtaí aerárthaí gan foireann atá ar scála mór uathoibríthe agus atá ceangailte go digiteach i roinnt Ballstát ar phraghas réasúnta, sábháilte, slán agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. Cuirfear tús leis an gcomhtháthú idir trácht foireannaithe agus trácht gan foireann san aerspás céanna, laistigh agus lasmuigh d'aerspás U-spáis.
- Beidh tionscal drón an Aontais inmharthana agus inrochtana do shaoránaigh agus do ghnólachtaí an Aontais le rannpháirtíocht ghníomhach gníomhaithe de gach méid, lena n-áirítear éagsúlacht FBManna éagsúlaithe, ag cothú comhoibriú idir na gníomhaithe go léir, agus ag leathnú an speictrim go suntasach thar an líon teoranta páirtithe leasmhara ilnáisiúnta domhanda.
- Déanfar sineirgí i dtionscal na cosanta sibhialta a shainaithint agus a shaothrú go córasach. Rachaidh siad chun tairbhe an dá earnáil. Cuirfidh siad feabhas ar iomaíochas thionscal na hEorpa agus neartóidh siad uathriail straitéiseach na hEorpa, trí chur ar chumas na mBallstát brath ar theicneolaíocht drón iomaíoch de bhunadh na hEorpa.
- Le héiceachóras na ndrón, soláthrófar poist, cuirfear chun cinn agus cosnófar fios gnó teicneolaíochta na hEorpa agus cuirfear deiseanna fáis ar fáil do gheilleagar an Aontais ina iomláine, rud a chuirfidh ar chumas cuideachtaí Eorpacha, lena n-áirítear frontair bheaga agus mheánmhéide nua, fás agus borradh mar cheannairí domhanda.

An fhís a fhíorú

19. Cumhdaítear leis an straitéis seo deich réimse ba chóir forbairt éiceachóras na ndrón a nochtadh agus cabhrú d'fhonn an fhís thuas a bhaint amach. Aithníodh iad ar bhonn an ionchuir a fuarthas le linn comhairliúcháin fhairsinge a bhfuil cur síos orthu sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo. Déantar na réimsí sin a ghrúpáil faoi dhá phríomhchuspóir. An chéad cheann is ea *tógáil ar mhargadh sheirbhís drón an Aontais*, agus is é an dara ceann *cumais agus sineirgí thionscal sibhialta, slándála agus cosanta an Aontais a neartú*. Tá sé mar aidhm ag gach réimse éifeachtúlacht na ndeighleog éagsúil de luachshlabhra foriomlán na ndrón a threisiú, lena n-áirítear cianphíolótaí, monaróirí drón, earnáil na cosanta, frithdhróin agus an U-spás.

A. Tógáil ar mhargadh sheirbhísí drón an Aontais

1. Feabhas a chur ar chumais aerspáis (Forbairt U-spáis agus comhtháthú le Bainistíocht Aerthráchta)

20. Ar cheann de phríomhchuspóirí na Bainistíochta Aerthráchta (ATM) agus Rialacha Aerthráchta Caighdeánaithe na hEorpa (SERA) atá ann cheana³⁰ is ea imbhuailtí idir aerárthaí a sheachaint. Tógtar SERA ar an bprionsabal “féach agus seachain” a úsáideann an píolóta chun imbhuailtí san aer a sheachaint. De bhrí, in oibríochtaí drón, tá sé i gceist gan an píolóta a bheith ar bord, ní féidir cloí go docht leis an bprionsabal sin a chur i bhfeidhm agus dá bhrí sin ní mór rioscaí imbhuailte a mhaolú ar mhodh malartach leordhóthanach.
21. Dá bhrí sin, nuair a bhíonn dróin á gcomhtháthú san aerspás, éilítear athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le sábháilteacht eitlíochta atá ann cheana chun na difríochtaí sin a chur san áireamh, nó chun rialacha atá ceaptha go sonrach do na hiontrálaithe nua sin a fhorbairt. Is chun dul chun cinn a dhéanamh ar an dá thaobh a rinneadh straitéis an Aontais go dtí seo. Sa chéad chéim, déantar an t-aerspás do dhróin a dheighilt ón aerspás a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí foireannaithe chun comhtháthú iomlán den dá rud a bhaint amach sa dara céim, rud a cheadóidh do gach úsáideoir aerspáis (le foireann agus gan foireann, chomh maith le IAM agus aerthrácht rialta, agus d’oibreoirí aerárthaí Stáit, lena n-áirítear aerárthaí míleata, le foireann agus gan foireann) oibriú go sábháilte agus go saor laistigh den aerspás céanna nó idirthuras a dhéanamh idir aerspásanna.

Gníomhaíocht shuaitheanta 1: Tá sé i gceist ag an gCoimisiún leasuithe a ghlacadh ar Rialacha Aerthráchta Caighdeánaithe na hEorpa agus ar Bhainistíocht Aerthráchta/ar an Rialachán maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta chun oibríochtaí drón agus eVTOL le píolóta a chomhtháthú go sábháilte.

22. I dtaca le cumais aerspáis a oiriúnú, sheol an Coimisiún tionscnamh in 2016 a bhí dírithe ar chomhtháthú slán sábháilte na ndrón san aerspás a áirithiú: an U-Spás, mar a thugtar air, córas saincheaptha um bainistíocht aerthráchta, córas digiteach agus uathoibríthe a ceapadh chun uas-scálú éifeachtúil agus inacmhainne sheirbhísí na ndrón a chumasú. Ba cheart an U-Spás a bheith chomh costéifeachtach agus is féidir, agus rochtain chothrom ar aerspás á cur ar fáil aige d’éagsúlacht cianphíolótaí ó gach cearn den Aontas agus ba cheart dó oibríochtaí aerárthaí míleata agus Stáit, le foireann agus gan foireann, a chumasú ar bhealach sábháilte agus éifeachtúil.
23. Cuireadh tús le forbairt U-spáis ina dhiaidh sin in 2017 i gcomhthéacs chlár Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair (SESAR) agus tá sé fós faoi réir taighde agus nuálaíochta leanúnaí, go háirithe maidir le seirbhísí U-spáis níos forbartha.

³⁰ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012 lena leagtar síos rialacha coiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialacháin (CE) Uimh. 1265/2007, (CE) Uimh. 1794/2006, (CE) Uimh. 730/2006, (AE) Uimh. 1033/2006 agus (CE) Uimh. 255/2010, OI L 281, 13.10.2012, lch. 1

24. Ghlac an Coimisiún creat rialála tosaigh, an pacáiste rialála U-spáis³¹, in 2021 chun bunsraitheanna comhchoiteanna U-spáis a bhunú agus chun cóineasú na dtionscadal ceannródaíoch cur chun feidhme atá faoi bhláth ar fud an Aontais a áirithiú.
25. Sa ghearrthéarma go meántéarma, is gá feidhmiú céimneach an chreata rialála tosaigh seo a éascú. Chuige sin, ba cheart go dtiocfadh EASA, Soláthraithe Seirbhíse Aerloingseoireachta agus soláthraithe seirbhíse U-spáis ar chomhaontú maidir leis na prótacail is gá chun faisnéis a mhalartú leis an soláthraí Seirbhíse Coiteanna Faisnéise, agus feidhmiúcháin loingseoireachta riachtanacha a shainiú níos fearr. Dá réir sin, ba cheart go dtabharfaidís tosaíocht freisin d'fhorbairt na gcaighdeán gaolmhar.
26. Ba cheart soláthraithe seirbhíse U-spáis a bheith in ann leas a bhaint as na teicneolaíochtaí agus as na caighdeáin teileachumarsáide soghluaiste atá ann cheana freisin, amhail iad siúd a eascraíonn as an gComhghníomhaíocht Aernascachta³² ar comhoibriú é idir Bainistíocht Tráchtá gan Foireann agus eintitis chumarsáide mhóibíleacha a bhfuil sé mar aidhm acu idirmhalartú agus tuiscint a chur chun cinn idir na pobail eitlíochta agus na pobail cheallacha, agus é mar chuspóir leis sin comhroinnt faisnéise a fheabhsú agus neamh-chomhoiriúnachtaí idir na grúpaí sin a sheachaint. Ba cheart úsáid réitigh U-spáis agus coincheapa oibríochtúla le haghaidh ATM níos uathoibríthe a chur san áireamh freisin.
27. Tá gá leanúnach ann freisin tacú le gníomhaíochtaí taispeántais agus bailíochtaí ar mhórsála agus iarrachtaí ó thionscadail cheannródaíthe a chomhchuihbhiú chun cur chun feidhme fréamhshamhaltú agus dréachtchaighdeáin a úsáidtear le linn tástálacha fíorshaoil a bhailíochtú. Chuige sin, is féidir le páirtithe leasmhara an Aontais leas a bhaint as na Saotharlanna Beo um Éiceachórais Uirbeacha Amach Anseo a bhunaigh Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh (JRC) le déanaí³³.
28. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt don taighde agus don fhorbairt d'fhonn cur leis an gcreat rialála tosaigh agus feabhas a chur ar úsáid U-spáis chun tacú le seirbhíse níos forbartha agus le Soghluaisteacht Aerthráchtá Nuálach (IAM), i gcomhréir le fíis an Mháistirphlean (MP) um Bainistíocht Aerthráchtá na hEorpa³⁴, agus leis na Treochláir chun é sin a bhaint amach, mar a thuairiscítear sa Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht (SRIA) don Aerspás Eorpach Digiteach³⁵.
29. Ba cheart an taighde agus an fhorbairt seo a cheapadh chun ATM agus U-spás a mheas níos mó le chéile ionas go mbeidh an dá thimpeallacht tar éis a bheith ina n-aerspás comhtháite amháin, ina gcuimsítear gan uaim dróin bheaga, IAM, eitlíocht fhoireannaithe, agus Oibríochtaí san Aerspás Uachtarach (HAO). De réir mar a leanann taighde i ngach snáithe, ba cheart ceachtanna ó thimpeallacht amháin a chur i bhfeidhm ar gach ceann de na cinn eile, ionas go mbeidh an córas bainistíochta aerthráchtá deiridh sábháilte, inmharthana ó thaobh an gheilleagair de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.
30. Déanann an Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht cur síos soiléir ar an gclaohlú ó thrí réimse ar leith maidir le Cumarsáid, Loingseoireacht agus Faireachas (CNS) isteach i dtimpeallacht chomhtháite CNS (ICNS). Áirítear leis seo na

³¹ Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/664, (AE) 2021/665 agus (AE) 2021/666) ón gCoimisiún.

³² <https://www.gsma.com/iot/aerial-connectivity-joint-activity/>

³³ <https://ec.europa.eu/jrc/en/research-facility/living-labs-at-the-jrc>

³⁴ An Máistirphlean um Bainistíocht Aerthráchtá na hEorpa, Bonneagar Eitlíochta na hEorpa a dhigitiú, Eagrán 2020, <https://www.atmmasterplan.eu>

³⁵ Clár oibre straitéiseach taighde agus nuálaíochta don Aerspás Eorpach Digiteach, Comhghnóthas Comhpháirteach Taighde um Aerspás Eorpach Aonair, an 12 Deireadh Fómhair 2020.

teicneolaíochtaí reatha CNS go léir a úsáidtear le haghaidh ATM, ach freisin iad siúd a theastaíonn chun tacú le U-spás, Soghluaisteacht Aerthrachta Nuálach, comhtháthú drón agus Oibríochtaí san Aerspás Uachtarach. Ba cheart go bhféachfadh clár SESAR, mar a shamhlaítear san SRIA é, ar ICNS mar an sásra trínar féidir le húsáideoirí uile an aerispáis idirghníomhú go sábháilte, agus ag an am céanna costais agus tionchar ar an gcomhshaol a laghdú trí chuíchóiriú agus ilúsáid teicneolaíochtaí atá ann cheana agus teicneolaíochtaí forbartha. Ba cheart go n-áireofaí leis an gcomhtháthú sin teicneolaíochtaí ó réimsí eile, amhail tionscal na teileachumarsáide agus tionscal an spáis, seirbhísí gearála agus sonraí chláir Spáis an Aontais Eorpaigh (EGNOS, Galileo, Copernicus agus Nascacht Shlán), agus ba cheart aghaidh a thabhairt ar nascacht mhéadaithe trí chumarsáid dhigiteach chomh maith leis na gnéithe níos gnásúla. I dtaca leis seo, déanfar iniúchadh breise ar shineirgí le Clár Spáis an Aontais Eorpaigh agus déanfar an comhordú a neartú chun tacú le haerloingseoireacht drón atá athléimneach agus láidir, chomh maith le seirbhísí U-Spáis a fhorbairt, mar chumasóir Shoghluaisteacht Aerthrachta Nuálach. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh sa taighde agus sa taispeántas faoin nGníomh seo ar shaincheisteanna teicneolaíochta agus ar na ceanglais shonracha maidir le feidhmíocht agus deimhniúchán na dteicneolaíochtaí ábhartha uile a eascraíonn as na fearainn U-spáis agus IAM atá ag teacht chun cinn.

Gníomhaíocht shuaitheanta 2: Leanfaidh an Coimisiún de thaighde comhordaithe ar theicneolaíochtaí comhtháite Cumarsáide, Loingseoireachta agus Faireachais a chur chun cinn chun an cóineasú idir timpeallachtaí ATM agus U-spáis a áirithiú.

31. Príomhghné le haghaidh cur chun feidhme cothrom agus comhchuibhithe U-spáis ar fud an Aontais, agus le haghaidh margadh Eorpach iomaíoch a fhorbairt do sheirbhísí drón, is ea praghsáil (agus formhaoirseacht ghaolmhar) na Seirbhísí Faisnéise Coitinne (CIS), chomh maith le praghsáil na rochtana ar na sonraí is gá le haghaidh seirbhísí den sórt sin. Moltar sa togra athmhúnlaithé SES2+ ón gCoimisiún³⁶ go mbunófaí rialacha soiléire praghsála agus comhroinnte sonraí is gá chun an margadh U-Spáis a fhorbairt, agus ba cheart, dá bhrí sin, go nglacfaidh reachtóir an Aontais é gan moill mhíchúí.
32. Nuair is féidir, ba cheart creat rialála an Aontais, lena n-áirítear na rialacháin maidir le U-spás, a chur chun cinn le comhpháirtithe trádála lasmuigh den Aontas, agus ar leibhéal ICAO, mar bhonn do chreat rialála domhanda maidir le dróin amach anseo chun cur chuige comhsheasmhach le Réigiúin eile agus ar an leibhéal domhanda a áirithiú. Ba cheart a chumhdach sa chomhar sin freisin athbhreithniú ar Iarscríbhinn 2 de chuid ICAO (rialacha an aeir) chun sainiúlachtaí oibríochtaí drón a chumhdach.

2. Aeroibríochtaí a éascú

33. Is cuid riachtanach de luachshlabhra na ndrón iad cianphíolótaí atá ag feidhmiú Aeroibríochtaí agus is é ceann de na nithe is cionsiocair é do mhargadh na seirbhísí drón. Cuidíonn siad le buntáistí iomaíoch a bhaint amach i réimse leathan gníomhaíochtaí eacnamaíoch, idir fhaireachas, fhaireachán, mhapáil nó scannánú, chomh maith le seirbhísí leighis agus éigeandála. Tá samhlacha gnó a bhaineann le hAeroibríochtaí níos forbartha ná iad siúd a bhaineann le Soghluaisteacht Aerthrachta Nuálach. Mar sin féin, níl siad curtha chun feidhme go hiomlán go fóill agus tá siad fós le feidhmiú go

³⁶ Leasaigh an Coimisiún togra le haghaidh Rialacháin maidir le cur chun feidhme an Aerispáis Eorpaigh Aonair, COM(2020) 579 final, 22.9.2020.

céimneach, a bheag nó a mhór, mar sheirbhísí seachtracha. Go deimhin, tá an chuid is mó d'Aeroibríochtaí ar siúl faoi láthair mar sheirbhísí inmheánacha laistigh de chuideachtaí, bunaithe ar dhearcadh soiléir gnó.

34. Soláthraítear leis an gcur chuige rioscabhunaithe atá dírithe ar oibriú agus a bhí mar bhonn agus mar thaca ag forbairt chreat rialála an Aontais do dhróin go dtí seo níos mó solúbthachta d'oibreoírí in oibríochtaí i gcomparáid leis na rialacháin náisiúnta roimhe seo a bhí infheidhme maidir le heitlíocht gan foireann. Mar sin féin, tá na margáí do na seirbhísí sin fós réasúnta neamhaibí agus dírithe go príomha ar ghníomhaíochtaí taighde, nuálaíochta agus tástála. Cé go léirítear sa mhéid sin go pointe áirithe go bhfuil creat rialála an Aontais réasúnta nua, sna comhairliúcháin phoiblí agus sna ceardlanna ag ullmhú don straitéis seo leagadh béim ar dhá ghné thábhachtacha. Ar an gcéad dul síos, cé gurb í an tsábháilteacht an chéad tosaíocht, ba cheart go gcoimeádfáí leis an mbeartas atá dírithe ar oibriú na ceanglais shábháilteachta i gcomhréir le riosca na n-oibríochtaí, agus ar an dara dul síos, i gcomhréir leis an bprionsabal go dtugtar tús áite don tsábháilteacht agus leis an mbeartas seo atá dírithe ar oibriú, is gá feabhas a chur ar roinnt gnéithe rialála atá i bhfeidhm cheana chun cur i bhfeidhm agus deimhneacht dhlíthiúil níos comhchuibhithe a áirithiú.
35. De réir an aiseolais a fuarthas le linn an phróisis chomhairliúcháin, measann roinnt páirtithe leasmhara sa tionscal i gcásanna áirithe go bhfuil na ceanglais maidir le húdaruithe oibríochtúla a cheadú díreireach chun aghaidh a thabhairt ar leibhéal na rioscaí ó thaobh na hoibríochta agus an airgeadais de araon. Tá an rud céanna i gceist maidir le fíorthástáil dhomhanda agus cineálacha nua na n-aeroibríochtaí a thaispeáint a meastar na ceanglais ina leith a bheith ró-anásta. Ceann de na rioscaí don chianphíolóta is ea go bhféadfadh an t-údarás inniúil teacht ar an gconclúid gur cheart an oibríocht a dhéanamh faoi choinníollacha na catagóire 'deimhnithe'³⁷, in ionad na catagóire 'sonrach'³⁸, lena gceanglaítear deimhniú an aerárthaigh, na n-oibreoírí agus an chianphíolóta sa chéad chás, de réir mar is infheidhme.
36. Ós rud é go mbaineann riosca íseal le cuid mhór d'Aeroibríochtaí, d'fhéadfadh na rialtóirí níos mó iarrachtaí a dhéanamh cásanna úsáide a éascú sa chatagóir 'sonrach' d'oibríochtaí drón. Ag an bpointe seo, níor ghlac an Coimisiún ach dhá Chás Chaighdeánacha Eorpacha a dhíríonn ar oibríochtaí ísealriosca sa chatagóir 'sonrach'. Dóibh siúd, tá cead ag cianphíolótaí dearbhú a sheoladh chuig an údarás faoi seach in ionad iarratas a dhéanamh ar údarú agus fanacht leis. D'fhéadfadh sé go gcaithfí dróin a úsáidtear in oibríochtaí a aicmítear mar mheánriosca sa chatagóir sonrach nach féidir dearbhú a dhéanamh ina leith, dul faoi réamhfhíorú dearaidh ag EASA as a leanann 'tuarascáil fíorúcháin dearaidh'³⁹.
37. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás sin chun na deacrachtaí a bhí ann i gcur chun feidhme tosaigh an nós imeachta ghaolmhair a chur san áireamh. Chun an próiseas sin a éascú, ba cheart go leanfadh EASA agus na Ballstáit de Mhodhanna Comhlíonta Inghlactha agus Treoirbhair leordhóthanacha a fhorbairt le haghaidh oibríochtaí drón sa chatagóir shonrach chun tacú le cur chun feidhme mhodheolaíocht an mheasúnaithe riosca oibríocháin (SORA) ar leith agus chun tacú le

³⁷ ciallaíonn an chatagóir 'deimhnithe' catagóir oibríochta UAS a shainítear in Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947.

³⁸ ciallaíonn an chatagóir 'sonrach' catagóir d'oibríochtaí UAS a shainítear in Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947.

³⁹ Treoirlínte EASA maidir le fíorú Dearaidh UAS a oibrítear sa chatagóir 'sonrach' agus a aicmítear in SAIL III agus IV, Eagrán 1, 31.03.2021.

forbairt bhreise a dhéanamh ar na caighdeáin tionscail is gá d'fhonn cur chun feidhme rialacháin na ndrón ag lucht tionscail. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith, i gcás inar féidir, bunaithe ar fheidhmíocht lena leagtar síos íoscheanglais agus níor cheart iad a bheith tuairisciúil ionas go seachnófar iad a bheith as dáta.

38. Ina theannta sin, d'fhéadfaí an t-ualach riaracháin a bhaineann leis an bpróiseas um údarú oibríochtúil a mhaolú trí thuilleadh Cásanna Caighdeánacha Eorpacha agus measúnuithe riosca réamhshainithe a fhorbairt⁴⁰. Má dhéantar an cur chuige rialála seo a fhorbairt tuilleadh, d'fhéadfadh sé cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar roinnt neamhchinnteachta gnó atá ann cheana agus tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide a chuimsiú i margadh oibríochtaí na ndrón.
39. Ar deireadh, d'fhéadfadh Cásanna Caighdeánacha Eorpacha nua aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha a bhaineann le hoibríochtaí Stáit nó míleata agus le gníomhaíochtaí faireachais mhuirí.

Gníomhaíocht shuaitheanta 3: Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cásanna nua caighdeánacha Eorpacha a ghlacadh le haghaidh aeroibríochtaí ísealriosca nó meánriosca⁴¹.

40. Mar thoradh ar an tsolúbthacht rialála atá ann faoi láthair, mar shampla sa sainmhíniú ar 'limistéir gheografacha UAS'⁴² nó ar fhormheas oibríochtaí trasteorann, dá bhforáiltear i gcreat rialála dhróin an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfadh na Ballstáit léirmhínte agus cineálacha cur chuige éagsúla a thabhairt isteach, rud a dhéanfadh difear ar deireadh thiar do dhálaí an mhargaidh. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún grinnscrúdú ar an gcaoi a gcuireann na húdaráis inniúla na rialacháin chun feidhme. Ba cheart go rannchuideodh cleachtais chomhchuibhithe cur chun feidhme freisin le cothroime iomaíochta a áirithiú idir Ballstáit/réigiúin, mar shampla i gcás oibríochtaí trasteorann. Ba cheart go gcuideodh comhordú níos mó idir na húdaráis inniúla leis an mbaol a sheachaint go mbeadh cur chun feidhme náisiúnta gan chomhchuibhiú ar rialacha an Aontais.
41. Ba cheart go dtacódh na Ballstáit le tuilleadh treoirhionscadal a bhfuil sé mar aidhm acu feasacht a mhéadú maidir le cianphíolótaí sna catagóirí 'oscailte' agus 'sonrach' chun forbairt feidhmchlár agus uirlisí a éascú lena gcumasaítear tuairisciú uathoibríoch ar theagmhais agus ar tharluithe drón. D'éascódh sonraí den sórt sin bailíochtú na dtoimhdí a rinneadh agus an measúnú riosca oibríochtúil 'sonrach' á fhorbairt a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) 2019/947.

3. Soghluaisteacht Aerthráchta Nuálaigh a Fhorbairt

42. Cuimsítear i Soghluaisteacht Aerthráchta Nuálaigh (IAM) feithiclí ó dhróin bheaga a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí seachadta lasta go haerárthaí eVTOL, i.e. aerárthaí faoi thiomáint leictreach atá in ann éirí agus tuirlingt go hingearach chun earraí agus daoine

⁴⁰ Tá sé mar aidhm ag an gcás caighdeánach Eorpach (STS) agus ag an measúnú riosca réamhshainithe (PDRA) éascú a dhéanamh faoi seach ar an bpróiseas dearbhairte agus ar an bpróiseas iarratais ar chead ag cianphíolótaí trína áirithiú go ndearnadh an measúnú riosca cheana féin i gcomhréir le modheolaíocht SORA le haghaidh roinnt oibríochtaí ísealriosca go meánriosca a dhéantar sa 'Chatagóir shonrach'.

⁴¹ Lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibríú aerárthaí gan foireann.

⁴² Sainmhínte do na téarmaí a thugtar i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibríú aerárthaí gan foireann.

araon a iompar. Go deimhin, tá go leor forbróirí eVTOL ag díriú ar oibríochtaí paisinéirí, bunaithe ar éifeachtúlachtaí eacnamaíocha na cumhachta leictirí, líonraí nódacha, agus inscálaitheacht chun praghsáil iomaíoch a bhaint amach agus roghanna eile inbhuanaithe a sholáthar seachas na seirbhísí taistil atá ann cheana.

43. Tá aird na ngníomhaithe soghluaisteachta agus na n-údarás áitiúil á tarraingt ag na teicneolaíochtaí seo mar bhealach chun cur le soghluaisteacht inbhuanaithe agus chomhtháite ar fud cathracha agus réigiún trí réitigh nach bhfuil chomh truailithe, nach bhfuil chomh plódaithe agus a chuireann réitigh níos sábháilte ar fáil do phobail áitiúla i gceantair uirbeacha, i gceantair fho-uirbeacha agus i gceantair thuaithe.
44. Áirítear ar Shoghluaisteacht Aerthráchta Nuálaigh agus ar Shoghluaisteacht Aerthráchta Uirbigh (UAM) VTOL foireannaithe chomh maith le hoibríochtaí drón a thagann faoin gcatagóir ‘deimhnithe’ a fhreastalaíonn ar na hoibríochtaí sin leis an leibhéal is airde riosca. Cosúil le heitlíocht fhoireannaithe, ba cheart cianphíolótaí, dróin agus aerárthaí VTOL foireannaithe a bheith faoi réir rialacha agus nósanna imeachta aonfhoirmeacha ionas go mbeidh oibríochtaí drón chomh sábháilte agus atá siad siúd atá in eitlíocht fhoireannaithe. Sa lá atá inniu ann, tá bearna shuntasach theicniúil agus rialála sábháilteachta ann a chuireann cosc ar oibríochtaí ‘deimhnithe’ den sórt sin a dhéanamh. Ba cheart aghaidh a thabhairt orthu sin le rialacha nua lena dtugtar aghaidh ar dheimhniúchán aerárthaí, chomh maith le formheas an chianphíolta agus ceadúnas an chianphíolóta ag an údarás inniúil.

Gníomhaíocht shuaitheanta 4: Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún rialacha a ghlacadh maidir le catagóir ‘deimhnithe’ oibríochtaí na ndrón, lena dtabharfar aghaidh ar aeracmhainneacht tosaigh agus leanúnach drón atá faoi réir deimhniúcháin; agus na ceanglais oibríochtúla is infheidhme maidir le haerárthaí foireannaithe atá in ann VTOL a úsáid⁴³.

45. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún creat rialála a fhorbairt maidir le deimhniú ingearfort agus bonneagair eile ar an talamh. Le creat den sórt sin, ba cheart aird iomchuí a thabhairt ar chomhéadain le haeradróim, idir-inoibritheacht agus ba cheart a áirithiú go mbeadh rochtain oscailte ag cianphíolótaí ar bhonneagair talún ar threalamh. I ndáil leis sin, ba cheart a áirithiú leis an gcreat rialála nach dtiocfaidh na bonneagair talún sin chun bheith dílsithe agus nach leanfaidh siad an tsamhail oscailte chéanna le haerfoirt agus le héileapóirt, i gcás ina bhfuil údar maith leis sin.

⁴³ Lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le deimhniú aeracmhainneachta agus comhshaoil le haghaidh aerárthaí agus táirgí, codanna agus fearas gaolmhar, agus maidir le deimhniú le haghaidh eagraíochtaí deartha agus táirgthe; an Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoírí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann; an Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú aerárthaí gan foireann; an Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; agus an Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialachán (CE) Uimh. 1265/2007, (CE) Uimh. 1794/2006, (CE) Uimh. 730/2006, (CE) Uimh. 1033/2006 agus (AE) Uimh. 255/2010.

Gníomhaíocht shuaitheanta 5: Tá sé i gceist ag an gCoimisiún rialacha a ghlacadh maidir le dearadh agus le hoibríochtaí na n-aerspás faoi raon feidhme Rialachán bunúsach EASA⁴⁴.

46. Cé go bhfuiltear ag súil go ndéanfar na chéad oibríochtaí um Shoghluaisteacht Aerthráchta Uirbigh le haerárthaí foireannaithe eVTOL, is dócha go ndéanfar oibríochtaí den sórt sin sa todhchaí ar ardáin den chineál céanna ach go ndéanfar iad a chianphíolótú agus iad go hiomlán uathrialach ansin. Dá bhrí sin, is gá tacú le céim an aistrithe agus comhtháthú rianúil na gcoincheap nua oibríochta sin a áirithiú i réimse reatha na heitlíochta, chomh maith leis an gcóras iompair ilmhódach a bheidh ann amach anseo. Táthar ag súil leis go gcuirfear ar fáil leis an gcóras U-spáis modh chun trácht ard-dlúis a bhainistiú go sábháilte agus go héifeachtúil ar airde íseal a bhaineann le feithiclí ilchineálacha (aerárthaí beaga gan foireann, aerárthaí eVTOL agus aerárthaí traidisiúnta foireannaithe), lena n-áirítear oibríochtaí i limistéir daonra agus laistigh d'aerspás rialaithe. Ní foláir nó go ndéanfar U-spás a chomhtháthú gan uaim leis an gcóras ATM chun rochtain shábháilte agus chothrom ar aerospás a áirithiú do gach úsáideoir aerospáis, lena n-áirítear eitiltí Soghluaisteachta Aerthráchta Uirbigh ag imeacht ó aerfoirt.
47. Agus réitigh teicneolaíochta dhomhanda á ndearadh sa todhchaí, ba cheart riachtanais agus sainiúlachtaí na n-úsáideoirí aerospáis uile a chur san áireamh. Chomh maith leis sin, ó thaobh costais de, ba cheart go mbeadh na réitigh sin inacmhainne. D'fhéadfadh úsáideoirí aerospáis amhail faoileoirí áineasa (faoileoirí, parafaoileoirí, etc.) nó aerárthaí rí-éadroma tairbhe a bhaint as réitigh leictreonacha feiceálachta 'éadroma' in éineacht le húsáideoirí eile aerospáis agus a saorghluaiseacht in aerospás an Aontais a cheadú.
48. Ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar an gceist maidir le rochtain ar an margadh agus aird chuí á tabhairt ar staid earnáil na ndrón. Faoi láthair, leagtar amach na coinníollacha eacnamaíochta agus airgeadais a bhaineann le ceadúnas oibríochta Aeriompróir de chuid Comhphobail a fháil i Rialachán (CE) 1008/2008⁴⁵. Cumhdaítear leis an Rialachán seo iompar paisinéirí, lasta agus poist agus tar éis ghlacadh an Bhunrialacháin nua, lenar méadaíodh cur i bhfeidhm rialacha an Aontais ar aerárthaí gan foireann, tá sé infheidhme freisin maidir le cianphíolótaí. Mar sin féin, d'fhéadfadh na rialacha reatha maidir le ceadúnú aeriompróirí, a ceapadh ar dtús chun gnóthais mhóra tráchtála Aeriompair Tráchtála a chumhdach, a bheith díréireach do chianphíolótaí. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo chun rochtain chothrom ar an margadh a áirithiú bunaithe ar riachtanais choiteanna, lena léirítear ar bhealach níos fearr staid eacnamaíoch agus airgeadais ghnóthais drón, mar shampla maidir le coinníollacha airgeadais nó "Úinéireacht agus Rialú".

Gníomhaíocht shuaitheanta 6: Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún ceanglais chothroma eacnamaíochta agus airgeadais a fhorbairt maidir le cianphíolótaí a cheadúnú.

⁴⁴ Lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Téacs atá ábhartha maidir le LEE

⁴⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal, IO L 293, 31.10.2008, lch. 3.

4. Inbhuanaitheacht agus glacadh na sochaí a áirithiú

49. Ní mór tionchar sochaíoch agus comhshaoil na n-oibríochtaí um Shoghluaisteacht Aerthráchta Nuálaigh a shainnithint agus aghaidh a thabhairt air láithreach le sraith ionstraimí de chuid an Aontais toisc go bhfuil glacadh sóisialta ríthábhachtach chun go n-éireoidh le hAersheirbhísí Nuálacha. Ba cheart seirbhísí drón a chur chun cinn ar bhonn cuimsitheachta, rochtana inacmhainne agus inbhuanaitheachta, agus níor cheart iad a bheith teoranta do lucht an rachmais.
50. Mar chuid den ullmhúchán do chreat rialála leordhóthanach do Shoghluaisteacht Aerthráchta Nuálaigh, rinne EASA staidéar cuimsitheach ar ghlacadh sochaíoch na n-oibríochtaí maidir le Soghluaisteacht Aerthráchta Uirbigh ar fud an Aontais Eorpaigh⁴⁶. De réir thorthaí an tsuirbhé a rinne EASA, tá dearcadh dearfach tosaigh ag 83 % de na freagróirí i leith Soghluaisteacht Aerthráchta Uirbigh, agus 71 % acu réidh chun seirbhísí den sórt sin a thriail. Tugadh tacaíocht láidir do chásanna ar mhaithe leis an leas coiteann, amhail seirbhísí éigeandála nó iompar leighis. Ina theannta sin, bhí na torthaí aonchineálach ar fud na gcathracha éagsúla a clúdaíodh sa suirbhé.
51. Mar sin féin, fuarthas amach sa staidéar go raibh ábhair inmí thábhachtacha ann a bhain le hinghlachtacht Shoghluaisteacht Aerthráchta Uirbigh sa tsochaí, agus go raibh ábhair inmí ann faoi thorann agus sábháilteacht sa chéad áit, príobháideacht, saincheisteanna comhshaoil agus slándáil ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, ba cheart staidéir leantacha níos grinne a dhéanamh ar ghlacadh maidir leis an gcomhshaoil agus an tsochaí, lena n-áirítear maidir le tionchar comhshaoil drón ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, agus leathnú á dhéanamh ar an iarracht atá déanta ag EASA cheana féin, agus Meitheal Idirchoiste ina dhiaidh sin i gcomhar le rannpháirtithe ó gach tír chun réitigh fhéideartha a mheas go comhpháirteach.
52. Tá ról cinntitheach ag pobail áitiúla, cathracha, réigiúin chun ailiniú na nAersheirbhísí Nuálacha le riachtanais agus roghanna a gcuid saoránach a áirithiú. Tá ról lárnach acu maidir le cinneadh a dhéanamh ar a mhéid is féidir oibríochtaí drón a dhéanamh ina gcriciocha. Mar shampla, tá siad in áit mhaith le measúnú a dhéanamh ar an mbonneagar criticiúil ba cheart a chosaint, ar cheart oibríochtaí a cheadú sa lá nó san oíche, ar na bearta ba cheart a bheith i bhfeidhm i dtéarmaí torainn agus laghdú amhairc. Tá go leor cathracha Eorpacha ar thús cadhnaíochta ar leibhéal domhanda cheana féin maidir le nuálaíocht iompair lena mbaineann dróin agus cur chun feidhme spriocanna uailmhianacha aeráide agus soghluaisteachta. Ba cheart go ndéanadh na Ballstáit uirlisí amhail na Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (SUMPanna)⁴⁷ a ghíaráil mar shásra chun réitigh mhalartacha seachadta a chuireann Soghluaisteacht Aerthráchta Uirbigh ar fáil i bpleanáil soghluaisteachta uirbí a chomhtháthú agus cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin soghluaisteachta don limistéar uirbeach feidhmiúil iomlán, lena n-áirítear sineirgí le pleananna spáis, fuinnimh agus aeráide.
53. Tá ról lárnach ag bardais freisin maidir le pleanáil réigiúnach i gceantair uirbeacha agus thuaithe agus bonneagar tiomnaithe a chruthú chun freastal ar ingearfoirt nó láithreáin éirí de thalamh agus thuirlingthe. Ba cheart lucht riaracháin áitiúil a bheith rannpháirteach agus a bheith in ann teachtaireacht deimhneachta agus trédhearachta a chur in iúl don tsochaí maidir le cad a dhéanfar, conas a dhéanfar, cathain a dhéanfar agus cá háit a ndéanfar Soghluaisteacht Aerthráchta Nuálaigh a imscaradh. Ba cheart rannpháirtíocht na saoránach i mboscaí gainimh rialála, i saotharlanna beo agus i dtaispeántais a spreagadh

⁴⁶ <https://www.easa.europa.eu/sites/default/files/dfu/uam-full-report.pdf>

⁴⁷ COM(2013) 913 final (IARSCRÍBHINN 1) an 17.12.2013

chun gnéithe áitiúla/réigiúnacha a chur san áireamh sa chinneadh deiridh maidir le himscaradh Soghluaisteacht Aerthráchta Nuálaigh.

54. Ba cheart anailís chórasach a dhéanamh ar shuíomh an bhonneagair chumasúcháin nua atá ag teastáil (e.g., ingearfoirt, trealamh teileachumarsáide agus trealamh dáileacháin fuinnimh, lena n-áirítear le haghaidh soláthairtí fuinnimh nua amhail hidrigin) sa timpeallacht uirbeach, agus teacht ar chothromaíocht idir riachtanais suímh, inacmhainneacht agus gnéithe eile, amhail núis do chomharsana agus truailliú amhaire chun go seachnófar glacadh sóisialta a chur i gcontúirt. D'fhéadfadh roinnt ingearfort héileapadanna atá ann cheana féin nó aerfoirt (lena n-áirítear aeradróim bheaga) a athúsáid. Ba cheart tús áite a thabhairt don nascacht le haerfoirt áitiúla agus moil mhodúla eile, lena n-áirítear le modhanna poiblí iompair.
55. Ba cheart go gcuirfeadh cianphíolótaí agus údaráis áitiúla bearta maolaithe torainn san áireamh go hiomlán nuair a bhíonn bealaí, nósanna imeachta agus cleachtais oibríochtúla eile á gceapadh acu, chun an tionchar ar shaoránaigh, ar thithe agus ar limistéir chiúine agus nádúrtha a sheachaint nó a theorannú.
56. Ba cheart go leanfadh EASA freisin de mhodheolaíochtaí oiriúnacha um shamhaltú torainn drón agus eVTOL a fhorbairt, ar modheolaíochtaí iad ar cheart don Choimisiún iad a chur san áireamh don chéad leasú eile ar Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Torann Comhshaoil⁴⁸ chun críocha modhanna comhchoiteanna measúnaithe torainn a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.
57. Is gá sainmhíniú agus cumarsáid níos fearr a dhéanamh ar dheiseanna um Shoghluaisteacht Aerthráchta Nuálaigh, agus *modus operandi* a chruthú chun comhoibriú idir údaráis Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla a áirithiú chun tionchair shochoíocha agus chomhshaoil a bhainistiú. Chun glacadh níos leithne a áirithiú, ba cheart faisnéis chuimsitheach thrédhearcach faoin teicneolaíocht agus faoin gcineál oibríochtaí atá i gceist agus faoin tionchar ar an gcomhshaoil a chur ar fáil do na daoine lena mbaineann, agus ba cheart go bhféachfadh na húdaráis inniúla le páirt a thabhairt dóibh sa phróiseas cur chun feidhme atá beartaithe trí leas a bhaint as sásraí áitiúla comhairliúcháin rannpháirtíochta. Chun é sin a bhaint amach, déanfaidh an Coimisiún⁴⁹, ar bhonn thionscnamh Pharlaimint na hEorpa, forbairt ardáin ar líne ag EASA a mhaoiniú mar “threoirthionscadal Mhol IAM Inbhuanaithe” a chuirfeadh tacaíocht ar fáil do na húdaráis, na cathracha, an tionscal agus páirtithe leasmhara eile maidir le cur i bhfeidhm Shoghluaisteacht Aerthráchta Nuálaigh. Leis an ardán Eorpach um rialachas trasearnála seo do Shoghluaisteacht Aerthráchta Nuálaigh, ba cheart go gcumasófaí rannpháirtíocht, ailíniú agus comhordú idir na páirtithe leasmhara éagsúla. Ba cheart go rannchuideodh an t-ardán seo freisin le heolas an phobail ar thionchar comhshaoil na ndrón a mhéadú.

Gníomhaíocht shuaitheanta 7: Cisteoidh an Coimisiún cruthú ardáin ar líne chun tacú le cur chun feidhme inbhuanaithe IAM ag údaráis, ag pobail, ag bardais, ag lucht tionscail agus ag páirtithe leasmhara.

58. Ar deireadh, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar earnáil na ndrón go tapa agus go n-ardófar dúshláin chomhshaoil thábhachtacha ag céim dheireadh na n-aerárthaí seo. I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach arna ghlacadh ag an

⁴⁸ Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú, IO L 189, 18.7.2002, lgh. 12–25

⁴⁹ Cinneadh ón gCoimisiún an 4.7.2022 maidir le maoiniú treoirthionscadal agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin i réimse an iompair do 2022, C(2022) 4509 final.

gCoimisiún⁵⁰ agus leis an Straitéis um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe Chliste, ba cheart go n-aistreadh earnáil na ndrón i dtreo samhlacha den Gheilleagar Ciorclach lena gcumhdófaí go háirithe táirgeadh na n-aerárthaí, na gcadhnaí agus na gcomhpháirteanna leictreonacha eile chun a n-athchúrsáil a áirithiú agus chun a áirithiú go laghdófaí astaíochtaí raon feidhme 2 agus raon feidhme 3 chomh híseal agus is féidir. Tá sé sin níos tábhachtaí fós ó thaobh feabhas a chur ar úsáid chiorclach ábhar, an deis a thabhairt freisin slabhraí nua soláthair a chruthú, poist a chruthú agus athléimneacht, iomaíochas agus nuálaíocht mhonaróirí na hEorpa a mhéadú.

5. Gné cheart an duine a chur chun cinn (eolas, oiliúint, scileanna, inniúlachtaí)

59. Ciallaíonn sábháilteacht oibríochtaí drón áineasa agus gairmiúla a ráthú go gcaithfear oiliúint theoriciúil agus phraiticiúil leordhóthanach a bheith faighte ag cianphíolótaí, de réir leibhéal riosca na n-oibríochtaí. Chun a áirithiú go bhfuil an leibhéal riachtanach eolais agus scileanna ag cianphíolótaí i gcomhréir le forbairt leanúnach theicneolaíoch a chur chun cinn, tá gá le scileanna agus inniúlachtaí nua, amhail scileanna agus inniúlachtaí speisialtóirí drón. I dtosach báire, beidh dhá chineál ceadúnas píolótach i gceist leis an gcatagóir ‘deimhnithe’. Ceann amháin chun ‘aerárthach VTOL’ a eitilt le píolóta ar bord agus ceann eile chun ‘aerárthach gan foireann’ a eitilt mar chianphíolóta a d’fhéadfadh dróin amháin a rialú ag an am, nó dróin éagsúla a rialú ag an am céanna, de chineálacha éagsúla agus ag oibreoirí éagsúla freisin. Ba cheart oiliúint a thabhairt mar thosaíocht do phearsanra oibreoirí Shoghluaisteacht Aerthráchta Nuálaigh freisin i bhfianaise oibríochtaí uathrialacha amach anseo.

Gníomhaíocht shuaitheanta 8: Tá sé i gceist ag an gCoimisiún ceanglais nua oiliúna agus inniúlachtaí a ghlacadh do chianphíolótaí agus do pháilótaí aerárthaí VTOL⁵¹.

60. Chun ceannaireacht Eorpach a choinneáil sna codanna éagsúla d’earnáil na ndrón, is é sin, aersheirbhísí, Soghluaisteacht Aerthráchta Nuálaigh, U-spás, teastaíonn lucht saothair ardoilte, cáilithe a bhfuil taithí acu. Ba cheart cláir oideachais agus oiliúna a bhunú i ngach Ballstát a bhaineann go sonrach le teicneolaíochtaí drón, leis an gcreat rialála agus le forbairt na SUMPanna. Chothódh cláir acadúla agus gairmchláir den sórt sin d’fhoghlaimoírí óga agus d’oibríthe ar fud na hEorpa inniúlachtaí agus dul chun cinn teicneolaíochta ach chothóidís feasacht an phobail ar fhóntas drón agus glacadh ina leith. D’fhéadfadh rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta cur leis an bhforbairt sin freisin.
61. Ba cheart go n-éascódh comhpháirtíochtaí idir taighde, ollscoileanna agus tionscal ar oideachas gluaiseacht saineolaithe idir na hearnálacha seo, rud a bheadh an-tairbheach ar deireadh d’fhorbairt earnáil na ndrón Eorpach. Ba chóir go gcuimseofar leis sin forbairt scileanna tríd an gComhpháirtíocht Mórsála ar Aeraspás agus Cosaint⁵² i gcreat an Chomhshocraithe um Scileanna.
62. Chun an baol a shárú go mbeadh ganntanas saineolaithe rialála ann maidir le dróin agus oibríochtaí drón ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon, ba cheart go dtacódh na Ballstáit

⁵⁰ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/45cc30f6-cd57-11ea-adf7-01aa75ed71a1>

⁵¹ Lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

⁵² Comhaontú um Scileanna Aeraspáis agus Cosanta (<https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=23158&langId=en>)

leis na hÚdaráis Náisiúnta Eitlíochta (NAAnna) na hinniúlachtaí a fháil a léiríonn cineál rídhigiteach agus rí-uathoibríthe na dteicneolaíochtaí atá ina mbonn taca d'oibríochtaí drón agus do sholáthar seirbhísí U-spáis. Taobh amuigh de na hinniúlachtaí teicniúla sin, ba cheart do NAAnna iad féin a chur in oiriúint don timpeallacht athraitheach agus ba cheart cur ar a gcumas bainistiú rianúil a dhéanamh ar cheaduithe SORA, aerspás U-spáis a bhunú agus deimhniú agus faireachán comhlíonta a dhéanamh ar oibreoirí UAS, ar Chomhsheirbhísí Faisnéise agus ar sholáthraithe seirbhíse U-spáis.

63. Ba cheart go n-áiritheodh na Ballstáit oiliúint leordhóthanach do phearsanra ábhartha, lena n-áirítear údaráis áitiúla, chun a n-ullmhacht a mhéadú chun bagairtí neamh-chomhoibríocha ar dhron a shainaithint agus chun freagairt orthu.

B. Cumais agus sineirgí an tionscail Eorpaigh sibhialta, shlándála agus chosanta a neartú

64. I bhfianaise an chumais atá ag teicneolaíocht drón chun cásanna nuálacha sibhialta a fhorbairt chomh maith le cásanna cosanta agus úsáide slándála, is féidir le hearnáil na ndrón rannchuidiú go mór le huathriail straitéiseach oscailte na hEorpa. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go gcoinneodh agus go bhfeabhsódh cuideachtaí Eorpacha a n-iomaíochas, maidir le dróin a tháirgeadh agus maidir le soláthar na seirbhísí a úsáideann iad.
65. Chuige sin ní mór an creat ceart cumasúcháin a bheith i bhfeidhm ar feadh an timthrialla nuálaíochta, idir thaighde, ghníomhaíochtaí tástála agus taispeántais, chomh maith le ceannaireacht Eorpach a choinneáil ó thaobh caighdeáin a leagan síos le haghaidh teicneolaíochtaí drón atá ag athrú go tapa.
66. Ina theannta sin, is féidir leis a bheith ina fhachtóir tábhachtach ratha idir úsáid sibhialta agus mhíleata drón agus teicneolaíochtaí a bhaineann le dróin, lena n-áirítear réitigh fhrithdhrón chun bagairtí a bhaineann le hoibríochtaí drón a bhrath agus a mhaolú. Cheana féin sa lá atá inniu ann, tagann a lán teicneolaíochtaí ríthábhachtacha drón le haghaidh na slándála agus na cosanta níos mó agus níos mó ón bhfearann sibhialtach agus bíonn comhpháirteanna criticiúla de chineál dé-úsáide iontu. Chun dlús a chur leis an nuálaíocht thar réimsí éagsúla agus chun ceannasacht theicneolaíoch a chothú, tá gá le malartú níos fearr idir pobail taighde agus nuálaíochta sibhialta agus cosanta. Beidh gá le húsáid níos éifeachtúla acmhainní agus ullmhacht chun deiseanna dé-úsáide a fhiosrú. Ciallaíonn sé freisin spleáchais straitéiseacha agus leochaileachtaí na slabhraí breisluacha agus na slabhraí soláthair a bhaineann leis na teicneolaíochtaí sin a laghdú.

1. Cistiú agus maoiniú a chur ar fáil

67. Tá maoiniú tugtha ag an gCoimisiún do roinnt tionscadal taighde agus nuálaíochta a bhaineann le dróin trí chreachlár éagsúla comhleanúnacha Taighde agus Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh (T&N). Bhí an tacaíocht do thaighde in earnáil na ndrón suntasach san am atá caite agus ríthábhachtach le haghaidh imscaradh luath.
68. Ó 2003 ar aghaidh, d'infheistigh an tAontas buiséad iomlán de bheagnach € 980 milliún chun dróin a fhorbairt nó a úsáid le haghaidh feidhmeanna nuálacha. Mhaoinigh sé 320 tionscadal a bhaineann le hearnáil na ndrón faoi T&N.

69. Leanfar den iarracht faoi chreachlár T&N reatha Fís Eorpach⁵³ lena n-áirítear an tionscnamh Comhghnóthas SESAR 3⁵⁴ atá cómhaoinithe agus arb é is aidhm dó éiceachóras taighde agus nuálaíochta a fhorbairt lena gcumhdaítear slabhraí breisluacha aerspáis ATM agus U-spáis ar fad, lena gcumasófar an comhar agus an comhordú is gá idir soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta agus úsáideoirí aerspáis chun córas ATM comhchuibhithe aonair de chuid an Aontais a áirithiú d'oibríochtaí le foireann agus gan foireann acu araon. Áirítear le Fís Eorpach cistiú sonrath taighde agus nuálaíochta maidir le cumais drón agus frithdhrón, lena n-áirítear le haghaidh na slándála sibhialta (forfheidhmiú an dlí, bainistiú teorainneacha agus cosaint shibhialta)⁵⁵. Thairis sin, ar fud cláir oibre Fís Eorpach tacaítear le forbairt na hearnála agus le feidhmeanna drón cás-úsáide ar leith.⁵⁶
70. Spreagann an Ciste Eorpach Cosanta (EDF)⁵⁷ agus na cláir a tháinig roimhe, agus tacaíonn sé le taighde agus forbairt chomhoibritheach trasteorann i réimse na cosanta. Trí iarrachtaí na mBallstát a chomhlánú agus a mhéadú, cuireann EDF comhar chun cinn i measc cuideachtaí agus gníomhaithe taighde de gach méid agus de gach tionscnamh geografach san Aontas. Tá naoi dtionscadal a bhaineann le dróin cistithe cheana féin ag cláir EDF roimhe seo faoi chuimsiú na dtionscadal taighde agus forbartha cosanta agus buiséad iomlán gar do EUR 200 milliún acu.
71. Tá beagnach EUR 8 mbilliún le haghaidh 2021-2027 tiomnaithe don Chiste Eorpach Cosanta: EUR 2.7 billiún chun taighde comhoibríoch ar an gcosaint a chistiú agus EUR 5.3 billiún chun tionscadail chomhoibríocha um fhorbairt cumais a chistiú, rud a chuirfidh leis na ranníocaíochtaí náisiúnta. Cuirtear an méid sin chun feidhme trí chláir oibre bhliantúla a fhorbraítear i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Aithnítear sa pheirspictíocht ilbhliantúil tháscach do 2021-2027 forbairt MALE (aerfheithicil mheánairde fad-aga), fréamhshamhail RPAS (córas aerárthaí cianrialaithe), fréamhshamhail HAPS (córais ardáin ar airde mhór), fréamhshamhail RPAS oirbheartaíochta agus cumais Braite agus Seachanta⁵⁸ le haghaidh comhtháthú forleathan ar ardáin.

Gníomhaíocht shuaitheanta 9: Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint de chistiú a chur ar fáil le haghaidh T&N ar dhróin agus a gcomhtháthú san aerspás faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gCiste Eorpach Cosanta.

72. Cistíonn an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) tionscadail drón trí úsáid a bhaint as raon leathan táirgí airgeadais oiriúnaithe amhail iasachtaí nó fiachas fiontair. Is féidir cistiú a úsáid le haghaidh taighde agus forbairt, nó/agus chun borradh a chur faoi tháirgeadh agus oibríochtaí drón. Éascaíonn an tionscnamh comhpháirteach ón gCoimisiún agus ó BEI, an

⁵³ https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe_ga

Tá ⁵⁴ [Comhghnóthas SESAR á chómhoiniú](#) ag an Aontas Eorpach trí chláir taighde agus nuálaíochta Fís Eorpach agus trí thionscal.

⁵⁵ I gColún II “Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch na hEorpa”, Braisle 3 “Slándáil Shibhialta don tSochaí”.

⁵⁶ Mar shampla, faoi Chláir Oibre Fís Eorpach do Bhraisle 6 “Bia, an Bithghilleagar, Acmhainní Nádúrtha, an Talmhaíocht agus an Comhshaoil” tacaítear le forbairt feidhmchlár drón le haghaidh táirgeadh na talmhaíochta inbhuanaithe, na foraoiseachta, faireachán comhshaoil agus pobail tuaithe.

⁵⁷ https://defence-industry-space.ec.europa.eu/eu-defence-industry/european-defence-fund-edf_en

⁵⁸ Is teicneolaíochtaí iad córais Braite agus Seachanta (DAA) a ligeann do dhróin comhtháthú go sábháilte in aerspás sibhialta, ag seachaint imbhuailtí le haerárthaí agus bacainní eile.

tArdán Comhairleach um Infheistíocht Dhrón⁵⁹, rochtain ar BEI, ar a sheirbhísí comhairleacha agus a shásraí cistithe.

73. In 2022, sheol BEI an Tionscnamh um Straitéis Slándála na hEorpa a bhfuil sé mar aidhm aige infheistíocht a shlógadh chun tacú le córais slándála agus cosanta dé-úsáide na hEorpa trí thacú le tionscal teicneolaíochta agus le bonneagar slándála sibhialta na hEorpa le béim ar chibearshlándaíl agus ar theicneolaíochtaí suaiteacha atá ag teacht chun cinn.
74. Tá Mol Comhairleach InvestEU, a chomhlánaíonn an Ciste InvestEU⁶⁰, ag tacú le tionscadail infheistíochta, lena n-áirítear dróin, a shainathint, a ullmhú agus a fhorbairt ar fud an Aontais Eorpaigh.
75. Cé go bhfuil cistiú suntasach ón Aontas ar fáil cheana féin trí Fís Eorpach, EDF, BEI agus cláir chistiúcháin eile, is minic a dhíríonn na cistí sin ar chéim shonrach forbartha den slabhra breisluacha nó go mbaineann siad go sonrach leis an earnáil sibhialta nó mhíleata. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le heaspa cistithe ar leibhéal ullmhachta teicneolaíochta áirithe nó le hiarrachtaí ilroinnte taighde a bhíonn ar siúl i sadhlanna. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo, ba cheart go dtacódh sraith chomhordaithe glaonna ar ionstraimí an Aontais atá ann cheana agus ar iasachtaí BEI le tionscadal suaiteanta nua maidir le 'teicneolaíochtaí drón', mar shampla drón lasta, a chruthódh coincheap na sineirgí feadh na conaire ó T&F go himscaradh trí sholáthar poiblí⁶¹.

Gníomhaíocht shuaitheanta 10: Tá sé i gceist ag an gCoimisiún sraith chomhordaithe glaonna a chur ar bun faoi ionstraimí reatha an Aontais agus faoi iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta chun tacú le tionscadal suaiteanta nua maidir le 'teicneolaíochtaí drón'.

76. I rith na chéad bhliana den Chreat Maoinithe Ilbhliantúil nua, i gcomhthéacs na dtionscal sibhialta, cosanta agus spáis, sainathníodh pointí bactha i gcur i bhfeidhm na bhforálacha coiteanna ábhartha i mbunghníomhartha na gclár. Trí bhacainní a bhaint (agus forálacha na mbunghníomhartha á n-urramú fós), d'fhéadfaí leas níos fearr a bhaint as sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann: go cothrománach idir cláir T&N (e.g. clár sonrach Fís Eorpach agus an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht leis an gCiste Eorpach Cosanta), go hingearach (idir T&N agus cláir imscartha amhail an Clár don Eoraip Dhigiteach nó an Ciste Slándála Inmheánaí), agus le tionscadail arna gcistiú faoi bhainistíocht chomhroinnte (amhail Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa) nó leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Ina theannta sin, níl aon chreat ann le haghaidh tacaíochta díri do thaighde dé-úsáide. Ar an gcaoi chéanna, tá srianta fós ar bheartas iasachta an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta don earnáil chosanta. D'fhéadfadh

⁵⁹ <https://www.eib.org/en/press/news/commission-and-eib-announce-launch-of-european-drone-investment-advisory-platform>

⁶⁰ https://investeu.europa.eu/what-investeu-programme_en

⁶¹ Is éard a bheadh i gceist le suaiteantas den sórt sin cur chun feidhme gníomhaíochta sa Teachtaireacht ón gCoimisiún le déanaí 'Anailís ar Bhearnaí Infheistíochta i gCosaint agus an bealach chun cinn': 'Oibreoidh an Coimisiún ar bhearta breise (amhail glaonna comhordaithe i measc ionstraimí an Aontais atá ann cheana agus iasachtaí BEI) chun tacú le teicneolaíochtaí criticiúla agus le cumais thionsclaíochta trí thionscadail straitéiseacha a fhorbairt, chomh maith le cur chun feidhme Gníomhaíocht 9 sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Sineirgí ('Teicneolaíochtaí Drón') atá comhleanúnach le torthaí Gníomhaíocht 2 den Phlean Gníomhaíochta maidir le Sineirgí (sineirgí ionstraimí maoinithe): 'Ba cheart don Choimisiún tacú le cineálacha nua clársceidealaithe agus pleanála comhtháite [...]. Chuige sin, ba cheart dó tionscadail shuaitheanta nua a roghnú agus a sheoladh ar féidir leo coincheap na sineirgí feadh na conaire ó T&F go himscaradh trí nuashonrú margaidh nó soláthar poiblí a chruthú'.

seirbhísí cistiúcháin ilroinnte agus neamhéifeachtúla de chuid an Aontais le haghaidh tionscadal dé-úsáide a bheith mar thoradh air sin, ar tionscadail iad a thosaíonn go minic san Aontas mar thionscadail taighde sibhialta agus a fhorbraíonn níos déanaí chun táirgí sibhialta agus míleata dé-úsáide a chruthú.

77. Chun malartuithe idir earnálacha sibhialta agus cosanta a éascú, go háirithe i réimse na dteicneolaíochtaí criticiúla, tá gá, dá bhrí sin, le hiniúchadh a dhéanamh ar éifeachtúlacht na ndeiseanna cistithe faoin gcreat dlí atá ann cheana agus le breithniú a dhéanamh ar a iomchuí atá sé cláir chistiúcháin agus ionstraimí cistithe AE níos solúbtha a fhorbairt le haghaidh tionscadal drón dé-úsáide.

Gníomhaíocht shuaitheanta 11: Breithneoidh an Coimisiún leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat maoinithe/cistithe⁶² atá ann cheana chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú chun tacú le taighde agus nuálaíocht dhé-úsáide chun sineirgí idir ionstraimí sibhialta agus cosanta a fheabhsú.

2. Bloic thógála straitéiseacha teicneolaíochta agus cumasóirí teicneolaíochta a aithint

78. Is éiceachóras casta comhpháirteanna teicneolaíochta agus ardáin mhalartaithe faisnéise iad dróin, oibríochtaí drón agus bainistíocht tráchta drón, a éilíonn eilimintí rí-optamaithe, sábháilte agus slána amhail córais rialaithe eitilte, naisc sonraí cibearshlána agus nascacht, loingseoireacht athléimneach, córais Braite & Seachanta, tiomáint leictreach agus hibrideach, cadhnaí agus bainistíocht cumhachta, córais uathrialacha eitilte agus bainistíochta misin.
79. Tá sé tábhachtach bloic thógála teicneolaíochta chriticiúla a aithint a chuireann go cinntitheach le héiceachóras nuálach agus iomaíoch na ndrón. Easpa fadbhreathnaitheachta ar an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le córais chianrialaithe is cúis i bpáirt le cuid de na spleáchais straitéiseacha atá ag an Aontas faoi láthair ar thríú tíortha san earnáil seo. Tá gá san Aontas le fadbhreathnaitheacht níos struchtúrtha agus machnamh straitéiseach níos struchtúrtha maidir le teicneolaíochtaí criticiúla drón d'fhonn na réimsí is tábhachtaí a shainaithint inar cheart an taighde agus nuálaíocht a threisiú, chun na spleáchais straitéiseacha atá ann a laghdú agus a leithéid a sheachaint san am atá romhainn.
80. Ar an gcaoi chéanna, tá sé tábhachtach príomhchumasóirí teicneolaíochta bunúsacha a shainaithint, amhail Intleacht Shaorga, róbataic, leathsheoltóirí, cadhnaí, seirbhísí spáis an Aontais agus teileachumarsáid mhóibíleach. Bainfidh cumarsáid oibríochtúil agus pálasta drón, chomh maith le réitigh bhainistíochta tráchta drón, leas as bandaleithead agus foláigh íseal rí-iontaofa 5G agus líonraí ceallacha 6G sa todhchaí. Chun éilimh ard-bhandaleithead 5G agus córais 6G atá le teacht a shásamh, tá sé ríthábhachtach na hacmhainní speictrim teoranta a úsáid go héifeachtúil.
81. Tá bearta déanta ag an gCoimisiún cheana féin chun a áirithiú go mbeadh an saineolas teicniúil Eorpach agus an inniúlacht monaraíochta Eorpach ann chun freastal ar riachtanais tionscail na hEorpa. Mar shampla, thacaigh an Coimisiún le Comhghuaillíocht Eorpach Cheallraí a bhunú⁶³, a bhfuil sé mar aidhm aici a áirithiú gur féidir leis an Aontas Eorpach brath ar shlabhra breisluacha ceallraí baile. Is gá a áirithiú go bhfuil riachtanais

⁶² tar éis seasaimh Pharlaimint na hEorpa agus na mBallstát arna gcur in iúl san am atá caite le linn na caibidlíochta ábhartha idirinstiúidí a chur san áireamh

⁶³ <https://www.eba250.com>

earnáil Eorpach na ndrón cumhdaithe go maith san earnáil seo agus i dtionscnaimh chomhchosúla ar an leibhéal Eorpach agus ar fud an domhain.

Gníomhaíocht shuaitheanta 12: Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Treochlár Straitéiseach um Theicneolaíocht Drón a fhorbairt chun réimsí tosaíochta a shainaithint chun borradh a chur faoi thaighde agus nuálaíocht, chun na spleáchais straitéiseacha atá ann a laghdú agus a leithéid a sheachaint san am atá romhainn.

Gníomhaíocht shuaitheanta 13: Tá sé i gceist ag an gCoimisiún comhordú a dhéanamh le gníomhaithe ábhartha eile de chuid an Aontais ar chur chuige coiteann agus é mar aidhm aige speictream leordhóthanach minicíochtaí raidió a chur ar fáil d'oibríochtaí drón.

3. Tástáil agus taispeántais a chumasú

82. Tá dróin agus oibríochtaí drón ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta faoi réir roinnt ceanglas dlíthiúil atá beartaithe chun sábháilteacht na dtáirgí agus an chomhshaoil ina n-oibríonn siad a áirithiú. Tá ról tábhachtach ag tástáil agus taispeántais eitlete maidir le taighde agus forbairt shábháilte a dhéanamh ar fhréamhshamlacha drón nua le linn aistriú ó choincheap go himscaradh nó le linn cás gnó nua a léiriú. D'fhéadfaí láithreáin áitiúla a úsáid chun cumais theicniúla drón agus a gcásanna úsáide a léiriú agus tríd sin, cuidiú leis an tacaíocht riachtanach a fháil ó údaráis áitiúla agus náisiúnta.
83. Tá saoráidí tástála agus léirithe gann agus ní bhíonn siad ar fáil i gcónaí, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil daonra níos dlúithe. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh saintréithe an aerspáis áitiúil agus dálaí aimsire séasúracha ag teacht leis na ceanglais tástála nó taispeántais atá ag teastáil. Cé gur féidir tástálacha eitlete a dhéanamh ar láithreáin atá lonnaithe i mBallstát eile seachas i gceann de na stáit chlárúcháin, is féidir leo a bheith ina scrogaill riaracháin de bharr nósanna imeachta éagsúla maidir le ceadanna a fháil, agus ar an gcaoi sin moill a chur ar dhul chun cinn.
84. Bheadh infhaighteacht níos fearr agus dáileadh geografach láithreán tástála ar fud an Aontais ina fhachtóir cumasúcháin d'fhorbairt teicneolaíochta gan foireann, don bhonneagar digiteach agus do theicneolaíocht na bhfeithiclí araon. Bheadh sé úsáideach freisin líonra de shuíomhanna tástála agus taispeána den sórt sin a chruthú ar fud na hEorpa.

Ina theannta sin, ós rud é nach bhfuil mórán saoráidí aerspáis ná aerpháirce ann, ba cheart úsáid uasta a bhaint as saoráidí míleata chun dé-úsáid na méideanna sainithe aerspáis a chumasú chomh maith le tástáil chomhchuibhithe sibhialta, mhíleata agus oibreoirí a chur chun cinn.

Gníomhaíocht shuaitheanta 14: Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún líonra de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú maidir le hionaid tástála drón cosanta sibhialta chun malartuithe idir na hearnálacha sibhialta agus cosanta a éascú.

85. Ba cheart tacú le hiarrachtaí údaráis na cathrach chun glacadh Aersheirbhísí Nuálacha a bhrostú, ach ní amháin ó thaobh airgeadais de. Éascaíonn ELTIS, an faireachlann Eorpach um shoghluaisteacht uirbeach⁶⁴, malartú faisnéise, eolais agus taithí i réimse na soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe cheana féin. Baineann níos mó ná 40 cathair nó

⁶⁴ <https://www.eltis.org/>

réigiún ar fud an Aontais le tionscnamh UIC2⁶⁵ atá ag forbairt tionscadal ó thionscadail mhionscála (seachadtaí táirgí leighis) go héiceachórais níos mó um Shoghluaisteacht Aerthrachta Uirbigh a bhfuil sé mar aidhm acu binsí tástála a chur ar fáil le haghaidh Soghluaisteacht Aerthrachta Nuálaigh ar fud na hEorpa.

86. De réir mar a fhorbraíonn teicneolaíochtaí drón nua, bíonn sé níos casta iad a thástáil agus a thaispeáint. Tá sé seo amhlaidh i bpáirt mar gheall ar an bpróiseas ceadaithe oibríochtúil riachtanach is féidir a bheith fada agus costasach, agus mar sin go díreireach uaireanta i gcás trialacha gearrshaolacha nach bhfuil aon chur i bhfeidhm láithreach tráchtála acu. Chomh maith le bheith ag obair le páirtithe leasmhara tionscail chun aeroibríochtaí a éascú, ba cheart go bhforbródh EASA, dá bhrí sin, treoirlínte chun tacú le formheas oibríochtúil na n-oibríochtaí a dhéantar chun críche tástála, turgnaimh nó taispeána.

4. Comhchaighdeán a thabhairt chun cinn

87. Tá teicneolaíochtaí drón agus a gcásanna úsáide ag forbairt go tapa, agus táirgí nua ag teacht ar an margadh le luas méadaitheach. Chun fanacht iomaíoch, ní mór do thionscal drón na hEorpa a bheith in ann freastal ar na timthriallta forbartha agus táirgthe atá bogadh chun cinn go tapa. Tá caighdeánú agus idir-inoibritheacht na mblocanna cumasúcháin um fhorbairt theicneolaíoch ina bpríomhchumasóirí d'fhorbairt táirgí ar bhonn níos tapúla.
88. Féadann cur chun cinn agus cur i bhfeidhm comhchaighdeán ar fud earnáil sibhialta, shlándála agus chosanta dhróin na hEorpa cur le coigilteas ó thaobh costais agus amanna forbartha de, rioscaí a laghdú, táirgiúlacht a mhéadú agus rochtain ar mhargaí nua a éascú. Is gá na gníomhaithe uile san earnáil a spreagadh chun forbairt caighdeán a dhéanamh níos tapúla d'fhonn a áirithiú gur féidir tacú le luas nuálach thionscal na ndrón.
89. Ba cheart forbairt 'caighdeán hibrideach'⁶⁶, i.e. caighdeán a bhfuil feidhm acu maidir le teicneolaíochtaí drón sibhialta, slándála agus cosanta a shaothrú go gníomhach i réimsí ina bhfuil teicneolaíochtaí mar an gcéanna agus ina bhfuil réimsí feidhmithe an-chosúil lena chéile. Is féidir é sin a dhéanamh trí gníomhaithe ábhartha amhail EASA, GEC, EUROCAE agus údaráis mhíleata náisiúnta a spreagadh chun ceanglais deimhniúcháin le haghaidh iarratais sibhialta agus mhíleata a ailíniú tuilleadh leo siúd atá leagtha síos ag EASA agus sainiúlachtaí míleata agus caighdeán deimhniúcháin mhíleata atá ann cheana á mbreithniú ag an am céanna. Ba cheart é sin a dhéanamh, a mhéid is féidir, laistigh de struchtúir atá ann cheana amhail EUSCG agus ba cheart comhchaighdeán a shainiú agus a chomhordú leis na struchtúir sin, prótacail tástála agus na cleachtais is fearr a chomhaontaítear chun costais a laghdú, idir-inoibritheacht a mhéadú, an poitínseal do shineirgí a fheabhsú agus an intuigtheacht a fheabhsú.

Gníomhaíocht shuaitheanta 15: Spreagfaidh an Coimisiún na gníomhaithe ábhartha go léir chun ceanglais deimhniúcháin d'fheidhmchláir sibhialta agus mhíleata a ailíniú tuilleadh leo siúd atá leagtha síos ag EASA agus sainiúlachtaí míleata agus caighdeán deimhniúcháin mhíleata atá ann cheana á mbreithniú.

⁶⁵ UIC2 - UAM Pobal Tionscnamh Pobal Cathracha, <https://civitas.eu/urban-air-mobility>.

⁶⁶ COM(2012) 417 "Beartas Tionsclaíoch Slándála" agus COM (2021) 70 final "Plean Gníomhaíochta maidir le sineirgí idir na tionscail sibhialta, chosanta agus spáis"

Gníomhaíocht shuaitheanta 16: Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cásanna nua caighdeánacha a ghlacadh le haghaidh oibríochtaí sibhialta a d'fhéadfadh cásanna comhfhreagracha úsáide míleata a éascú⁶⁷.

5. Cumais fhrithdhrón agus seasmhacht an chórais a mhéadú

90. Is uirlisí rí-nuálacha iad dróin is féidir a úsáid chun críocha dlisteanacha ach mailíseacha freisin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí coiriúla eagraithe (e.g. smuigleáil earraí agus imirceach) chomh maith le hionsaithe ar spásanna poiblí, ar dhaoine aonair agus ar bhonneagar criticiúil (lena n-áirítear saoráidí fuinnimh, iompair agus teorann). Cé go bhfuil rialáil déanta ag an Aontas ar úsáid dhlísteanaich drón, níl aon rialacha ná treoirlínte sonracha de chuid an Aontais ann maidir le cur i gcoinne a n-úsáide neamhúdaraíthe nó fiú coiriúla. Ciallaíonn luas tapa na nuálaíochta agus an rochtain atá ag éirí níos éasca ar dhróin thráchtála agus ar a gcomhpháirteanna gur dócha go bhfásfaidh an bhagairt.
91. Chun cosaint a thabhairt ó dhróin mhailíseacha agus neamh-chomhoibríocha ní mór rochtain a bheith ann freisin ar theicneolaíochtaí frithbheart atá inacmhainne agus iontaofa. Tá dúshlán fós le sárú ag roinnt Ballstát, áfach, maidir leis na buiséid riachtanacha a shaoradh, an creat rialála is gá a oiriúnú nó a chruthú agus na réitigh chearta (theicniúla) a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt a bhaineann le dróin neamh-chomhoibrítheacha. Leis an Treoir atá beartaithe⁶⁸ maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil, cuirfear d'oibleagáid ar na Ballstáit measúnuithe riosca a dhéanamh agus iad a úsáid chun eintitis chriticiúla a shainaithint, lena n-áirítear in earnáil an iompair. Ba cheart gurb ionann na measúnuithe sin agus na rioscaí ábhartha, lena n-áirítear rioscaí maidir le dróin neamh-chomhoibríocha.
92. Lena chlár taighde agus nuálaíochta maidir leis an tslándáil sibhialta (Fís 2020), agus leis an gCiste Slándála Inmheánaí (Póilíní) don tréimhse 2014-2020, rinne an tAontas Eorpach comhchistiú ar uirlisí, eolas agus teicneolaíochtaí frithdhrón a fhorbairt. Leanfar den iarracht sin in Fís Eorpach reatha, sa Chiste Slándála Inmheánaí (ISF) agus san Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosáí (BMVI). Tá na cláir seo comhlántach mar neartaíonn Fís Eorpach taighde agus nuálaíocht, agus díríonn ISF agus BMVI ar raon leathan feidhmeanna praiticiúla maidir le forfheidhmiú an dlí agus bainistiú teorainneacha, amhail trealamh a fháil, scéimeanna oiliúna a chur chun cinn agus a fhorbairt agus comhordú agus comhar riaracháin agus oibríochtúil a áirithiú.
93. Chomh maith leis sin, ba cheart sineirgí sa tionscal sibhialta, slándála agus cosanta a shainaithint agus a shaothrú mar rachaidh siad chun tairbhe do gach earnáil ábhartha. Cuirfidh sé sin feabhas ar iomaíochas tionscal na hEorpa agus neartóidh sé neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa, trí chur ar chumas na mBallstát brath ar theicneolaíocht iomaíoch frithdhrón de bhunadh an Aontais.
94. Luaitear i Straitéis Slándála 2020⁶⁹ agus i gClár Oibre Frithsceimhlitheoireachta⁷⁰ an Aontais gur ábhar mór inní é bagairt na ndrón neamh-chomhoibríoch san Eoraip nach mór aghaidh a thabhairt uirthi. Sa Chlár Oibre Frithsceimhlitheoireachta go háirithe, gheall an Coimisiún go bhféachfadh sé an bhféadfaí treoir a eisiúint maidir le conas cathracha a choinneáil slán ó dhróin neamh-chomhoibríocha.

⁶⁷ Lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le hoibriú aerárthaí gan foireann

⁶⁸ COM(2020) 829 final an 16 Nollaig 2020

⁶⁹ COM(2020) 605 final an 24 Iúil 2020

⁷⁰ COM(2020) 795 final an 9 Nollaig 2020

95. Chun na tionscnaimh fhrithdhrón éagsúla go léir san Aontas a cheangal le chéile, glacfaidh an Coimisiún pacáiste frithdhrón (C-UAS) ina leagfar amach beartas an Aontais sa réimse seo amach anseo. Chomh maith le leanúint leis na gníomhaíochtaí tiomnaithe maidir le tacaíocht oibríochtúil, theicniúil agus airgeadais do na Ballstáit, fógrófar leis an bpacáiste, i measc nithe eile, go n-oibreofar i dtreo threoirlínte frithdhrón an Aontais agus go scrúdófar an gá atá le bearta reachtacha. I measc na ngníomhaíochtaí tacaíochta beidh dhá lámhleabhar maidir le cosaint i gcoinne drón: ‘Lámhleabhar ar Chórais in Aghaidh Aerárthaí gan Foireann do Bhonneagar Criticiúil agus Spásanna Poiblí’ agus ‘Lámhleabhar ar Phrionsabail maidir le Cruachan Fisiceach Foirgneamh agus Láithreán’. Ina theannta sin, bunóidh sé sainghrúpa teicniúil méadaithe maidir le caighdeáin dheonacha chun réitigh fhrithdhrón a chumhdach.

Gníomhaíocht shuaitheanta 17: Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún pacáiste frithdhrón (C-UAS) a ghlacadh

96. Is féidir le dróin neamhúdaráithe cur isteach go mór ar oibríochtaí aerfoirt. Sa chás is measa, is féidir leo aerárthaí agus na daoine atá iontu a chur i mbaol freisin. Tar éis na n-eachtraí a tharla ag aerfort Gatwick i Londain i mí na Nollag 2018, thacaigh an Coimisiún le EASA treoirlínte neamhcheangailteacha a fhorbairt a chabhródh le húdarais agus le haerfoirt ullmhú le haghaidh, freagairt dó agus téarnamh ó theagmhais drón⁷¹. Cé gur fhéach an earnáil go fabhrach ar na treoirlínte sin, ní leor a gcineál comhairleach chun bagairt a mhaolú ar dócha go bhfásfaidh sí de réir mar a éiríonn dróin níos uileláithrí agus níos cumasaí.

Gníomhaíocht shuaitheanta 18: Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leasú a ghlacadh ar na rialacha slándála eitlíochta a bhfuil sé mar aidhm aici a áirithiú go méadóidh údarais eitlíochta agus aerfoirt a n-athléimneacht agus iad ag tabhairt aghaidh ar na rioscaí a bhaineann le dróin⁷².

97. D’fhéadfadh forbairt drón úrscothach a mbeadh ceanglais chibearshlándála níos airde acu, go háirithe sna catagóirí oibríochtaí ‘oscailte’ agus ‘sonracha’, a bheith ina bhuntáiste iomaíoch do thionscal an Aontais. Ní hamháin go rachadh dróin chibear-athléimneacha den sórt sin chun tairbhe d’oibreoírí drón ach rachaidís chun tairbhe do na heintitis uile atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar úsáid an aerspáis. D’fhéadfadh go mbeadh gá le dróin a bhfuil leibhéal níos airde cibearshlándála acu le haghaidh oibríochtaí in aerspás áirithe, rud a chuideodh le dróin a fheidhmíonn de réir dlí a scaradh ó na cinn mhídhleathacha. D’fhéadfadh dróin a mhonaraítear chun ceanglais shonracha a chomhlíonadh, mar shampla, an ceanglas maidir le nasc cumarsáide daingnithe, sainaitheint shlán, nó úsáid chód foinse oscailte agus loingseoireacht athléimneach atá cumasaithe ag seirbhísí spáis an Aontais a ghíaráil, a bheith incháilithe do lipéad deonach “Drón Iontaofa Eorpach”. Thabharfadh lipéad den sórt sin dearbhú d’úsáideoirí go ndearnadh grinnfhiosrúchán ar na dróin chomhfhreagracha agus go bhfuarthas go bhfuil siad sách slán lena n-úsáid le haghaidh oibríochtaí níos criticiúla nó níos íogaire, rud a mhéadóidh athléimneacht fhoriomlán an chórais i gcoinne na cibearchoireachta.

71

https://www.easa.europa.eu/sites/default/files/dfu/drone_incident_management_at_aerodromes_part1_web_site_suitable.pdf

72

Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002

Gníomhaíocht shuaitheanta 19: Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún critéir a shainiú le haghaidh lipéad deonach “Drón Iontaofa Eorpach”.

Conclúid

98. Leis an gclár oibre dúbailte glas agus digiteach, cuireadh glao ar ghíaráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí nua ar mhaithe le soghluaisteacht agus nuálaíocht níos inbhuanaithe chun éifeachtúlacht an gheilleagair fhoriomláin a fheabhsú. Trí iliomad cásanna úsáide sibhialta, tionsclaíocha, slándála agus cosanta, féadfaidh dróin rannchuidiú le dícharbónú agus digitiú an chórais iompair agus na soghluaisteachta ina hiomláine a luathú, a thionchar diúltach ar an gcomhshaol a laghdú agus sábháilteacht agus sláinte ár saoránach a fheabhsú.
99. Ní mór d’earnáil na ndrón a bhfuil an tAontas ag iarraidh a shaothrú aird a thabhairt ar a tionchar ar an gcomhshaol i dtéarmaí torainn, tomhaltais fuinnimh agus núis amhairc go háirithe. Admhaíonn an Coimisiún go gcaithfear glacadh go sóisialta le dróin chun go n-imreodís a ról iomlán ar mhaithe le gnólachtaí agus pobail áitiúla. Chuige sin beidh gá le rannpháirtíocht iomlán na bpáirtithe uile lena mbaineann ar leibhéal áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun a áirithiú gur féidir oibríochtaí drón sábháilte agus slána a úsáid, i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon, ar bhealach cóir agus inbhuanaithe.
100. Tá líon méadaitheach earnálacha ag dul i ngleic le teicneolaíochtaí na ndrón cheana féin. Chun infheistíochtaí príobháideacha agus forbairt seirbhísí nuálacha nua drón d’earnálacha éagsúla a spreagadh, ba cheart deimhneacht dhlíthiúil agus theicniúil a áirithiú bunaithe ar chur chuige comhchuibhithe de chuid an Aontais. Dhá thionscnóir a bhaineann go dlúth le Straitéis maidir le Dróin 2.0 is ea iad: margadh seirbhísí drón an Aontais a thógáil agus cumais agus sineirgí an tionscail Eorpaigh shibhialta, shlándála agus chosanta a neartú. Trí shineirgí a bhaint amach idir úsáid shibhialta, shlándála agus mhíleata drón agus teicneolaíochtaí gaolmhara, lena n-áirítear réitigh fhrithdhrón, cuideofar le glacadh teicneolaíochtaí nuálacha a chothú agus rannchuideofar le forbairt fhoriomlán na hearnála san Eoraip.
101. Cuideoidh éiceachóras inmharthana drón le taighde, nuálaíocht agus fiontraíocht Eorpach a ghíaráil chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an chláir don Eoraip Dhigiteach a bhaint amach, i gcomhréir go hiomlán lenár straitéis nua um fhás don Eoraip. Tá sraith chuimsitheach beart á cur chun cinn ag an gCoimisiún atá dírithe ar éiceachóras na ndrón ina iomláine a threisiú faoi 2030 trí ghníomhaíochtaí a mholadh a éascóidh an t-aistriú ó thaispeántais go hoibríochtaí tráchtála mórsála. Ní féidir rath a bheith ar na hiarrachtaí sin ach amháin má tá ceannach isteach leordhóthanach ó gach duine lena mbaineann, eadhon institiúidí Eorpacha, na Ballstáit agus a n-údaráis ar gach leibhéal rialtais, páirtithe leasmhara, gnólachtaí agus rannpháirtíocht na saoránach.

Liosta na nGníomhartha Suaitheanta atá le cur chun feidhme ag an gCoimisiún Eorpach chun an margadh Eorpach maidir le seirbhísí drón a fhorbairt tuilleadh

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún:

- leasuithe a ghlacadh ar Rialacha Eorpacha Caighdeánaithe an Aeir agus ar an Rialachán um Bainistíocht Aerthráchta/Seirbhísí Aerloingseoireachta chun oibríochtaí eVTOL drón agus píolótaithe a chomhtháthú go sábháilte;
- taighde comhordaithe maidir le teicneolaíochtaí comhtháite Cumarsáide, Loingseoireachta agus Faireachais a chur chun cinn;
- cásanna nua caighdeánacha Eorpacha a ghlacadh le haghaidh aeroibríochtaí ísealriosca nó meánriosca;
- rialacha a ghlacadh maidir leis an gcatagóir ‘dheimhnithe’ d’oibríochtaí drón, lena dtugtar aghaidh ar aeracmhainneacht tosaigh agus leanúnach drón atá faoi réir deimhniúcháin; agus na ceanglais oibríochtúla is infheidhme maidir le haerárthaí cumasaithe VTOL foireannaithe;
- rialacha a ghlacadh maidir le dearadh agus oibríochtaí na n-ingearfort faoi raon feidhme Bhunrialachán EASA;
- ceanglais chothroma eacnamaíocha agus airgeadais a fhorbairt maidir le cianphíolótaí a cheadúnú.
- cruthú ardáin ar líne a mhaoiniú chun tacú le cur chun feidhme inbhuanaithe IAM ag údaráis, cathracha, tionscal agus páirtithe leasmhara;
- ceanglais oiliúna agus inniúlachtaí a ghlacadh le haghaidh cianphíolótaí agus píolótaí aerárthaí VTOL.

Liosta na nGníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme ag an gCoimisiún Eorpach chun cumais agus sineirgí thionscal slándála, sibhialta agus cosanta drón na hEorpa a neartú

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún:

- leanúint de cistiú a chur ar fáil le haghaidh T&N maidir le dróin agus a gcomhtháthú san aerspás faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gCiste Eorpach Cosanta;
- sraith chomhordaithe glaonna a bhunú faoi ionstraimí reatha an Aontais agus faoi iasachtaí BEI chun tacú le tionscadal suaitheanta nua maidir le ‘teicneolaíochtaí drón’;
- leasuithe féideartha ar an gcreat maoinithe/cistithe atá ann cheana a bhreithniú chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú chun tacú le taighde agus nuálaíocht dhé-úsáide chun sineirgí idir ionstraimí sibhialta agus cosanta a fheabhsú;
- Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Treochlár Straitéiseach um Theicneolaíocht Drón a fhorbairt chun réimsí tosaíochta a shainaithint d’fhonn borradh a chur faoi thaighde agus nuálaíocht, chun na spleáchais straitéiseacha atá ann a laghdú agus a leithéid a sheachaint san am atá romhainn;
- cur chuige coiteann a chomhordú le gníomhaithe ábhartha eile an Aontais agus é mar aidhm leis speictream leordhóthanach minicíochtaí raidió a chur ar fáil d’oibríochtaí drón;
- líonra an Aontais a bhunú maidir le hionaid tástála drón cosanta sibhialta chun malartuithe a éascú idir earnálacha sibhialta agus cosanta;

- na gníomhaithe ábhartha uile a spreagadh chun ceanglais deimhniúcháin d'fheidhmchláir sibhialta agus mhíleata a ailíniú tuilleadh leo siúd atá leagtha síos ag EASA agus sainiúlachtaí míleata agus caighdeáin deimhniúcháin mhíleata atá ann cheana á mbreithniú ag an am céanna;
- cásanna caighdeánacha nua a ghlacadh le haghaidh oibríochtaí sibhialta a d'fhéadfadh cásanna comhfhreagracha úsáide míleata a éascú;
- pacáiste frithdhrón a ghlacadh;
- leasú ar na rialacha slándála eitlíochta a ghlacadh arb é is aidhm dó a áirithiú go gcuirfidh údarais eitlíochta agus aerfoirt lena n-athléimneacht nuair a bheifear ag tabhairt aghaidhe ar na rioscaí a bhaineann le dróin;
- critéir a shainiú le haghaidh lipéad deonach “Drón Iontaofa Eorpach”.